Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Samhain 2021**
**(OR. en)**

**13316/21**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0345(NLE)**

**PECHE 394**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 3 Samhain 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2021) 661 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2021) 661 final.

---

Faoi iamh: COM(2021) 661 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 3.11.2021
COM(2021) 661 final

2021/0345 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

**lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

### • Forais agus cuspóirí an togra

I ngach rialachán maidir le deiseanna iascaireachta, ní mór teorainn a chur le saothrú stoc éisc ar leibhéil atá comhsheasmhach le cuspóirí foriomlána an Comhbheartais Iascaigh (CBI). Le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 de Pharlaimint na hEorpa agus den Chomhairle maidir leis an gComhbheartas Iascaigh[1] ('an Bunrialachán') leagtar amach cuspóirí maidir le tograí bliantúla le haghaidh teorainneacha ar iarrachtaí gabhála agus iascaireachta chun a áirithiú go bhfuil iascach an Aontais inbhuanaithe ó thaobh na héiceolaíochta, an gheilleagair agus na sochaí de.

Is timthriall bainistithe bliantúil (débhliantúil i gcás na stoc domhainfharraige) é an cleachtadh deiseanna iascaireachta, ach ní bac é sin ar chuir chuige bhainistithe fhadtéarmacha. Tá na pleananna ilbhliantúla le haghaidh na Mara Thuaidh[2] agus Uiscí an Iarthair[3] glactha *inter alia* ag Parlaimint na hEorpa agus ag an gComhairle.

Déanfaidh an tAontas roinnt de na deiseanna iascaireachta atá beartaithe a bhunú go huathrialach agus comhaontaíodh roinnt acu tar éis comhairliúcháin iltaobhacha nó dhéthaobhacha a chur i gcrích. Cuirtear toradh na gcomhairliúchán sin chun feidhme trí chionroinnt inmheánach a dhéanamh idir na Ballstáit de réir phrionsabal na cobhsaíochta coibhneasta.

Cumhdaítear leis an togra seo:

– stoic uathrialacha an Aontais;

– stoic chomhroinnte atá le bainistiú i gcomhpháirt leis an Ríocht Aontaithe (UK) sa Mhuir Thuaidh agus in Uiscí an Iarthuaiscirt agus leis an Iorua sa Mhuir Thuaidh agus in Skagerrak, nó a bhí faoi réir chomhairliúcháin na stát cósta de chuid an Choimisiúin um Iascach an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC); agus

– deiseanna iascaireachta faoi chomhaontuithe ar thángthas orthu faoi chuimsiú na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna).

1 Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1954/2003 agus (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 2371/2002 agus (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

2 Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena mbunaítear plean ilbhliantúil le haghaidh stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus le haghaidh na n-iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 676/2007 agus (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle (IO L 179, 16.7.2018, lch. 1).

3 Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil le haghaidh stoic a ndéantar iascaireacht orthu in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus le haghaidh iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 179, 16.7.2018, lch. 1).

Léirítear roinnt deiseanna iascaireachta mar *pm* (*pro memoria*) sa togra seo, mar gheall ar na nithe seo a leanas:

– ní raibh an chomhairle eolaíoch maidir le stoic áirithe ar fáil an tráth a glacadh an togra; nó

– tá teorainneacha áirithe ar ghabhálacha agus moltaí eile ó ERBInna ábhartha ar feitheamh mar nár reáchtáladh a gcruinnithe bliantúla go fóill; nó

– níl na figiúirí ar fáil go fóill i gcás stoic áirithe in uiscí na Graonlainne, stoic chomhroinnte nó deiseanna iascaireachta arna malartú le tríú tíortha agus ní bheidh siad ar fáil go dtí go gcuirfear na comhairliúcháin leis an nGraonlainn agus leis na tríú tíortha sin i gcrích; nó

– is gá don Choimisiún go fóill dul i gcomhairle leis an Ríocht Aontaithe maidir le comhar i leith stoc comhroinnte in 2022, lena n-áirítear maidir le deiseanna iascaireachta.

**Cur chuige maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú**

Mar is iondúil, chuir an Coimisiún teachtaireacht bhliantúil i gcrích; *I dtreo iascaireacht atá níos inbhuanaithe san Aontas Eorpach: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2022* (COM(2021)279). Tugtar forbhreathnú sa Teachtaireacht bhliantúil ar staid na stoc bunaithe ar chomhairle eolaíoch agus mínítear ann an nós imeachta lena mbunaítear deiseanna iascaireachta.

An 30 Meitheamh 2021, sholáthair an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) a comhairle bhliantúil maidir le roinnt stoc éisc arna gcumhdach ag an togra seo mar fhreagairt ar iarraidh an Choimisiúin[4].

Tá comhairle eolaíoch ICES ag brath, go bunúsach, ar na sonraí seo a leanas: ní féidir measúnú iomlán a dhéanamh ach ar stoic a mbeidh sonraí leordhóthanacha agus iontaofa ar fáil ina leith, a bhfuil meastacháin ar mhéid na stoc ag gabháil leo, chomh maith le réamhaisnéisí i dtaca le conas a fhreagróidh siad do chásanna saothraithe éagsúla ('táblaí na gcásanna gabhála'). I gcás ina mbeidh sonraí leordhóthanacha ar fáil, is féidir leis na comhlachtaí eolaíocha meastacháin a dhéanamh ar choigeartuithe ar na deiseanna iascaireachta lena bhféadfaidh an stoc a uastáirgeacht inbhuanaithe (MSY) a tháirgeadh. Tagraítear don chomhairle ansin mar 'comhairle MSY'. I gcásanna eile, braitheann na comhlachtaí eolaíocha ar an gcur chuige réamhchúraim moltaí á ndéanamh maidir leis an leibhéal deiseanna iascaireachta. Tugann ICES míniú ar an modheolaíocht a úsáidtear maidir leis sin in ábhar foilsithe a bhaineann le comhairle a eisiúint le haghaidh na stoc éisc ar bheagán sonraí[5].

Tá léiriú sna deiseanna iascaireachta go léir atá beartaithe ag an gCoimisiún ar an gcomhairle eolaíoch atá faighte aige maidir le staid na stoc agus maidir lena úsáid faoi mar a leagtar amach sa Teachtaireacht thuas.

**Oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír**

[4] https://www.ices.dk/advice/Pages/Latest-Advice.aspx

[5] Féach go háirithe an doiciméad *Cur chuige ICES i leith comhairle a chur ar fáil i dtaca le deiseanna iascaireachta*; https://www.ices.dk/sites/pub/Publication%20Reports/Advice/2021/2021/Advice_on_fishing_opportunities.pdf

Faoi Airteagal 15 den Bhunrialachán, tá na stoic uile a bhfuil teorainneacha gabhálacha ag gabháil leo faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír ón 1 Eanáir 2019. Mar sin féin, déantar foráil sa Bhunrialachán maidir le heisceachtaí áirithe ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír. Ar bhonn moltaí comhpháirteacha ó na Ballstáit, ghlac an Coimisiún Rialacháin Tharmligthe ina leagtar síos pleananna sonracha lena gceadaítear cainníochtaí teoranta ábhair mhuirí aischurtha ar bhonn díolúintí *de minimis* nó ardmharthanais.

Ó tugadh isteach an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, agus i gcomhréir le hAirteagal 16(2) den Bhunrialachán, is gá a léiriú sna deiseanna iascaireachta atá beartaithe an t-athrú ón méid a thugtar i dtír chuig an méid a ghabhtar agus ós rud é nach gceadaítear ábhar muirí aischurtha a thuilleadh. Déantar an méid sin ar bhonn na comhairle eolaíche maidir le stoic in iascach dá dtagraítear in Airteagal 15(1) den Bhunrialachán. Socraítear na deiseanna iascaireachta freisin i gcomhréir le forálacha ábhartha eile, i.e. Airteagal 16(1) maidir le prionsabal na cobhsaíochta coibhneasta agus Airteagal 16(4) (lena ndéantar tagairt do chuspóirí CBI agus do rialacha na bpleananna ilbhliantúla iomchuí).

Dá bhrí sin, ionas go gcuirfear san áireamh cur i bhfeidhm iomlán na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír, molann an Coimisiún gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) a shocrú ar bhonn na comhairle maidir le gabhálacha, seachas ar bhonn na comhairle maidir le gabhálacha a thabhairt i dtír (mar a úsáideadh roimhe seo). Sna cuótaí atá beartaithe ag an Aontas, cuirtear san áireamh méid teoranta ábhair mhuirí aischurtha ar bhonn díolúintí seanbhunaithe; Ní thabharfar i dtír na gabhálacha sin ná ní ríomhfar iad in aghaidh na gcuótaí agus dá bhrí sin, asbhainfear na méideanna sin de chuótaí an Aontais.

**Solúbthacht ó bhliain go bliain**

Ní mór na naisc idir an Bunrialachán agus Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle a chur san áireamh[6]. Leis an Rialachán deireanach sin, bunaítear coinníollacha breise maidir le TACanna a bhainistiú ó bhliain go bliain, lena n-áirítear forálacha solúbthachta le haghaidh stoic réamhchúraim agus anailíseacha faoi seach (a thuigtear anseo mar stoic a bhfuil comhairle réamhchúraim ICES ag gabháil leo agus a bhfuil comhairle MSY ICES ag gabháil leo faoi seach) (Airteagail 3 agus 4). Faoi Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96, bíonn sé le cinneadh ag an gComhairle, agus TACanna á socrú aici, cé na stoic nach mbeidh faoi réir Airteagail 3 nó 4 den Rialachán sin, go háirithe ar bhonn stádas bitheolaíoch na stoc. Déantar foráil le hAirteagal 15(9) den Bhunrialachán maidir le sásra solúbthachta eile ó bhliain go bliain.

Chun solúbthacht iomarcach a sheachaint a bhainfeadh an bonn de phrionsabal shaothrú céillí freagrach na mbeo-acmhainní bitheolaíocha muirí agus a chuirfeadh bac ar ghnóthú chuspóirí CBI, ba cheart a shoiléiriú nach féidir feidhm a bheith ag na bearta faoi Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 agus faoi Airteagal 15(9) den Bhunrialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ar bhonn carnach.

Ba cheart an tsolúbthacht ó bhliain go bliain faoi Airteagal 15(9) den Bhunrialachán a eisiamh i gcás ina mbainfí leis an bonn de ghnóthú chuspóirí CBI, go háirithe i gcás stoic a bhfuil bithmhais sceite (SSB) acu atá faoi bhun an phointe tagartha teorann i dtaca le bithmhais ($B_{lim}$).

**TACanna atá beartaithe agus míniúchán**

6 Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle an 6 Bealtaine 1996 lena dtugtar isteach coinníollacha breise maidir le TACanna agus cuótaí a bhainistiú ó bhliain go bliain (IO L 115, 9.5.1996, lch. 3).

Ó 2019 ar aghaidh, tá liosta déanta ag an gCoimisiún (sa mheabhrán míniúcháin don Rialachán maidir le deiseanna iascaireachta bliantúla) maidir leis na stoic sin a gclaonann an TAC atá beartaithe níos mó ná 20 % ón TAC atá ann faoi láthair ina leith. Le haghaidh 2022, seo a leanas iad:

| TAC | Limistéar mara | TAC atá beartaithe le haghaidh 2022 | Athrú atá beartaithe ar TAC ó 2021* | Míniúchán |
|---|---|---|---|---|
| Trosc in Kattegat | Kattegat | 97 t | -21 % | O t an chomhairle réamhchúraim. Molann an Coimisiún TAC le haghaidh foghabhálacha dosheachanta (in iascach ghliomach na hIorua), i gcomhréir le comhairle theicniúil ICES. |
| Gliomach na hIorua in 3a | Skagerrak agus Kattegat | 8 501 t | -31 % | Molann an Coimisiún TAC i gcomhréir le comhairle MSY agus leis an luach is ísle laistigh de raon $F_{MSY}$ ($F_{MSY\ lower}$). Is raon luachanna básmhaireachta iascaireachta é $F_{MSY}$ , ina bhfuil uastáirgeacht inbhuanaithe (MSY) fhadtéarmach ann mar thoradh ar gach leibhéal básmhaireachta iascaireachta laistigh den raon sin lena ndéantar laghdú nach mó ná 5 % sa táirgeacht fhadtéarmach a dhéanamh agus gan difear suntasach a dhéanamh don phróiseas atáirgthe do na stoic éisc lena mbaineann. Tá TAC i gcomhréir le $F_{MSY\ lower}$ ní le luach phointe $F_{MSY}$, toisc gur foghabháil atá sa trosc a bhfuil comhairle 0 t i bhfeidhm ina leith san iascach sin. Ciallaíonn 'luach phointe $F_{MSY}$' luach na básmhaireachta iascaireachta lena dtugtar an uastáirgeacht inbhuanaithe fhadtéarmach; |
| Gliomach na hIorua in 8c, Aonaid Fheidhmiúla (FUnna) 25 agus 31 | Bá na Bioscáine Theas | 1.7 t in FU 25<br>20 t in FU 31 | fadú le haghaidh FU 25<br>+1 329 % le haghaidh FU 31 | Le haghaidh FU 25, 0 t an chomhairle réamhchúraim. Molann an Coimisiún TAC a choinneáil le haghaidh iascach eolaíoch a bhailíonn sonraí gabhála in aghaidh an aonaid iarrachta (CPUE).<br>Le haghaidh FU 31, molann an Coimisiún TAC i gcomhréir le comhairle MSY agus luach phointe $F_{MSY}$.<br>Agus cuóta an Aontais á shocrú, cuireadh asbhaint i bhfeidhm maidir le díolúintí ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír. |
| Leathóg bhallach in Kattegat | Kattegat | 1 038 t | +34 % | Molann an Coimisiún TAC i gcomhréir le comhairle MSY agus $F_{MSY\ lower}$. Tá TAC i gcomhréir le $F_{MSY\ lower}$ ní le luach phointe $F_{MSY}$, toisc gur foghábhail é an trosc a bhfuil comhairle 0 t i bhfeidhm ina leith san iascach sin.<br>Tá léiriú sa TAC seo ar chion (19.2 %) de TAC le haghaidh an limistéir comhairle (Kattegat, na Beilteanna agus Øresund).<br>Agus cuóta an Aontais á shocrú, cuireadh asbhaint i bhfeidhm maidir le díolúintí ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír. |
| Sól in 7b agus c | Iarthar na hÉireann agus Banc Porcupine | 19 t | -44 % | Molann an Coimisiún TAC i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch. |

| TAC | Limistéar mara | TAC atá beartaithe le haghaidh 2022 | Athrú atá beartaithe ar TAC ó 2021* | Míniúchán |
|---|---|---|---|---|
| Sól in 8ab | Bá na Bioscáine Thuaidh agus Láir | 2 233 t | -37 % | Molann an Coimisiún TAC i gcomhréir le comhairle MSY agus luach phointe $F_{MSY}$.<br>Tá an bhithmhais faoi bhun MSY $B_{trigger}$ ach os cionn $B_{lim}$ faoi láthair. Is é MSY $B_{trigger}$an SBB ar faoina bhun a ndéanfar gníomhaíocht bhainistithe chun gur féidir an stoc a ahtbhunú os cionn na leibhéal atá in acmhainn MSY a tháirgeadh, agus is é $B_{lim}$ an SBB faoina bhun a d'fhéadfadh laghdú a bheith ar an acmhainn atáirgthe. Cumhdaítear an bhithmhais níos ísle atá ann faoi láthair le comhairle MSY.<br>Agus cuóta an Aontais á shocrú, cuireadh asbhaint i bhfeidhm maidir le díolúintí ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír. |

* Maidir leis na TACanna lena ngabhann asbhaint maidir le díolúintí ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, déantar an chomparáid ar bhonn chuótaí an Aontais.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Tá na bearta atá beartaithe ceaptha i gcomhréir le cuspóirí agus rialacha CBI.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Tá na bearta atá beartaithe comhsheasmhach le beartais eile de chuid an Aontais, go háirithe leis na beartais i réimse an chomhshaoil agus na forbartha inbhuanaithe.

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is é Airteagal 43(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) bunús dlí an togra seo.

Eascraíonn oibleagáidí an Aontais maidir le saothrú inbhuanaithe beo-acmhainní uisceacha as na hoibleagáidí a leagtar amach in Airteagal 2 den Bhunrialachán.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

Tagann an togra faoi inniúlacht eisiach an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 3(1)(d) CFAE. Níl feidhm le prionsabal na coimhdeachta dá bhrí sin.

- **Comhréireacht**

Comhlíonann an togra prionsabal na comhréireachta mar seo a leanas: Ós rud é gur beart coiteann é CBI, agus faoi Airteagal 43(3) de CFAE, tá sé de dhualgas ar an gComhairle na bearta maidir le socrú agus cionroinnt deiseanna iascaireachta a ghlacadh. Déantar leis an rialachán ón gComhairle atá beartaithe deiseanna iascaireachta a chionroinnt ar na Ballstáit. De bhun Airteagail 16 agus 17 den Bhunrialachán, rachaidh na Ballstáit i gceann na deiseanna iascaireachta sin a chionroinnt i measc na réigiún nó na n-oibreoirí de réir mar is cuí leo. Dá bhrí sin, tá dóthain lamháil inlíochta ag na Ballstáit maidir le cinntí a bhaineann leis an

tsamhail shóisialta/eacnamaíoch dá rogha chun leas a bhaint as na deiseanna iascaireachta a cionroinneadh orthu.

Ní bheidh aon impleacht airgeadais nua ag an togra do na Ballstáit. Glacann an Chomhairle Rialachán comhchosúil gach bliain agus tá na hacmhainní poiblí agus príobháideacha chun é a chur chun feidhme i bhfeidhm cheana féin.

- **An rogha ionstraime**

Is Rialachán ón gComhairle é an ionstraim atá beartaithe, i gcomhréir le hAirteagal 43(3) de CFAE.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ *EX POST*, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí *ex post*/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Déantar an rialachán maidir le deiseanna iascaireachta a athbhreithniú roinnt uaireanta in aghaidh na bliana chun an chomhairle eolaíoch is déanaí agus forbairtí eile a léiriú.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

***(a) Modhanna comhairliúcháin, na príomhearnálacha a bhfuiltear ag díriú orthu agus próifíl ghinearálta na bhfreagróirí***

Chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le páirtithe leasmhara, go háirithe trí na Comhairlí Comhairleacha agus na Ballstáit maidir leis an gcur chuige atá aige i leith na dtograí éagsúla i dtaca le deiseanna iascaireachta ar bhonn na Teachtaireachta bliantúla uaidh *I dtreo iascaireacht níos inbhuanaithe san Aontas: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2022*.

Lean an Coimisiún an cur chuige a leagtar amach sa Teachtaireacht maidir le *Feabhas a chur ar chomhairliúcháin i dtaca le bainistiú iascaigh an Chomhphobail* (COM(2006)246 final). Is éard atá sa chur chuige sin comhairliúchán a tharla roimhe seo le páirtithe leasmhara, lena gceadaítear díospóireacht níos straitéisí ('próiseas tús-ualaithe').

***(b) Achoimre ar na freagraí agus ar an dóigh ar cuireadh san áireamh iad***

I bhfreagraí na bpáirtithe leasmhara ar an Teachtaireacht bhliantúil thuasluaite, leagadh amach na tuairimí a bhí acu maidir le meastóireacht an Choimisiúin ar staid na n-acmhainní agus maidir leis an bhfreagairt iomchuí bainistithe. Chuir an Coimisiún na freagraí san áireamh agus an togra seo á cheapadh aige.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Mar a tugadh faoi deara thuas, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle le ICES i dtaca leis an modheolaíocht atá le húsáid. Tá comhairle ICES bunaithe ar chreat comhairle arna fhorbairt ag a chuid grúpaí saineolaithe agus comhlachtaí cinnteoireachta agus arna eisiúint i gcomhréir lena mheabhrán tuisceana leis an gCoimisiún.

Is é an cuspóir deiridh é stoic a athbhunú go dtí leibhéil lena bhféadfar MSY a chur ar fáil, agus iad a choinneáil ar na leibhéil sin. Leagtar síos an cuspóir sin go sainráite sa

Bhunrialachán, Airteagal 2(2) ina ndéantar foráil maidir ann 'go mbainfear amach an cuspóir sin faoi 2015, más féidir, agus […] faoi 2020 i gcás na stoc uile'. Léirítear leis sin gealltanas an Aontais maidir le conclúidí Chruinniú Mullaigh Domhanda um Fhorbairt Inbhuanaithe 2002 in Johannesburg agus an plean cur chun feidhme a bhaineann leo. Mar a tugadh faoi deara thuas, tá faisnéis faoi MSY ar fáil i gcás roinnt stoc, lena n-áirítear roinnt stoc atá tábhachtach ó thaobh líon na ngabhálacha de agus ó thaobh luach tráchtála de (e.g. colmóir, trosc, láimhíneach, sól, scoilteáin, cadóg agus gliomach na hIorua).

Tá na deiseanna iascaireachta le haghaidh na spriocstoc sa Mhuir Thuaidh agus in Uiscí an Iarthair le socrú ar bhonn na bpleananna ilbhliantúla iomchuí, lena sainmhínítear raonta $F_{MSY}$ na básmhaireachta iascaigh agus a thugann leibhéal solúbthachta faoi choinníollacha áirithe dá bhrí sin. D'iarr an Coimisiún comhairle ar ICES ar an mbonn gur féidir measúnú a dhéanamh ar an ngá atá leis an tsolúbthacht sin agus gur féidir an tsolúbthacht a chur chun feidhme. Ní bhaintear leas as raon uasta na luachanna $F_{MSY}$ chun TACanna a mholadh ach amháin, ar bhonn comhairle eolaíoch, i gcás nach mór na deiseanna iascaireachta a shocrú i gcomhréir leis na raonta $F_{MSY}$ chun na nithe seo a leanas a dhéanamh:

– na cuspóirí a leagtar amach sa phlean ilbhliantúil ábhartha a bhaint amach i gcás an iascaigh mheasctha; nó

– díobháil thromchúiseach a dhéantar do stoc éisc de bharr dinimic stoic laistigh den aon speiceas amháin nó idir speicis dhifriúla a sheachaint; nó

– luaineachtaí arda ó bhliain go bliain a theorannú.

I gcás ina mbeidh bithmhais an stoic faoi bhun na bpointí tagartha dá dtagraítear sa phlean ilbhliantúil iomchuí, ba cheart na deiseanna iascaireachta a shocrú ag leibhéal a chomhfhreagróidh don bhásmhaireacht iascaireachta a laghdaítear go comhréireach agus an laghdú ar bhithmhais an stoic á chur san áireamh.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh laghdú a dhéanamh ar na rátaí básmhaireachta iascaireachta agus/nó ar na gabhálacha a bheith i gceist chun MSY a bhaint amach. Dá réir sin, baintear leas sa togra seo as comhairle MSY, i gcás ina bhfuil sí ar fáil. I gcomhréir le cuspóirí CBI, i gcás ina molfar TACanna ar bhonn chomhairle MSY, comhfhreagróidh siad, de réir na comhairle sin, don leibhéal lena n-áiritheofaí comhlíonadh MSY in 2022. Tá an cur chuige sin i gcomhréir leis na prionsabail sa Teachtaireacht bhliantúil *I dtreo iascaireacht níos inbhuanaithe san Aontas: staid na himeartha agus treoshuíomhanna le haghaidh 2022*.

Le haghaidh na stoc éisc ar bheagán sonraí, eisíonn na comhlachtaí comhairleacha moltaí i dtaobh cé acu gabhálacha a laghdú nó a chobhsú nó cead a thabhairt iad a mhéadú. Soláthraíodh i gcomhairle ICES treoir chainníochtúil maidir leis na hathruithe agus baineadh leas as an treoir sin chun na TACanna atá beartaithe a shocrú.

I gcás stoic áirithe (stoic, siorcanna agus roic a dháiltear go forleathan), eiseofar comhairle ICES san fhómhar. Caithfear an togra seo a thabhairt cothrom le dáta de réir mar is iomchuí a luaithe a gheofar an chomhairle.

- **Measúnú tionchair**

Cuireann Airteagal 43(3) de CFAE teorainn le raon feidhme an Rialacháin maidir le deiseanna iascaireachta.

Féachtar leis an togra seo cuir chuige ghearrthéarmacha a sheachaint ar mhaithe leis an inbhuanaitheacht fhadtéarmach. Dá bhrí sin, cuirtear tionscnaimh ó na páirtithe leasmhara agus ó ACanna san áireamh ann más rud é go ndearna ICES agus/nó an Coiste Eolaíoch,

Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) athbhreithniú dearfach orthu. Bhí an togra ón gCoimisiún maidir le CBI a athchóiriú bunaithe ar mheasúnú tionchair (SEC(2011)891) inar áitíodh gur coinníoll riachtanach é cuspóir MSY a bhaint amach chun inbhuanaitheacht comhshaoil, eacnamaíoch agus shóisialta a áirithiú.

Maidir le deiseanna iascaireachta ERBI agus le stoic a chomhroinntear le tríú tíortha, is éard a dhéantar go bunúsach leis an togra seo bearta a comhaontaíodh go hidirnáisiúnta a chur chun feidhme. Déileáiltear le haon ghné a bhaineann le measúnú a dhéanamh ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag na deiseanna iascaireachta le linn ullmhú agus sheoladh na caibidlíochta idirnáisiúnta agus ar faoina cuimsiú a dhéantar deiseanna iascaireachta an Aontais a chomhaontú le tríú páirtithe.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Déantar foráil leis an togra maidir le simpliú na nósanna imeachta riaracháin le haghaidh údaráis phoiblí an Aontais nó náisiúnta, go háirithe a mhéid a bhaineann leis na ceanglais is infheidhme maidir leis an mbainistiú iarrachta.

- **Cearta bunúsacha**

Ní bhaineann le hábhar.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Ní bheidh aon impleacht bhuiséadach ag na bearta atá beartaithe.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Cuirfear chun feidhme forálacha an Rialacháin agus déanfar faireachán ar an gcomhlíonadh i gcomhréir le CBI.

2021/0345 (NLE)

Togra le haghaidh

# RIALACHÁN ÓN gCOMHAIRLE

## lena socraítear le haghaidh 2022 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc is infheidhme in uiscí an Aontais agus i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), agus go háirithe Airteagal 43(3) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ceanglaítear, le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] , go nglactar bearta caomhnaithe agus aird á tabhairt ar an gcomhairle eolaíoch, theicniúil agus eacnamaíoch a bhíonn ar fáil, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, tuarascálacha arna ndréachtú ag an gCoiste Eolaíoch, Teicniúil agus Eacnamaíoch um Iascach (STECF) agus ag comhlachtaí comhairleacha eile agus aon chomhairle a fhaightear ó chomhairlí comhairleacha.

(2) Tá sé de dhualgas ar an gComhairle bearta a ghlacadh maidir le deiseanna iascaireachta a shocrú agus a chionroinnt, lena n-áirítear coinníollacha atá nasctha go feidhmiúil leis sin, de réir mar is iomchuí. De bhun Airteagal 16(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, socrófar deiseanna iascaireachta i gcomhréir le cuspóirí an Chomhbheartais Iascaigh (CBI), faoi mar a leagtar amach in Airteagal 2(2) den Rialachán sin. Ina theannta sin, i gcás stoic atá faoi réir pleananna ilbhliantúla sonracha, ba cheart na gabhálacha iomlána incheadaithe (TACanna) a bhunú i gcomhréir leis na spriocanna agus na bearta a leagtar síos sna pleananna sin. Faoi Airteagal 16(1) den Rialachán sin, déanfar deiseanna iascaireachta a chionroinnt ar na Ballstáit chun go n-áiritheofar cobhsaíocht choibhneasta ghníomhaíochtaí iascaireachta gach Ballstáit le haghaidh gach stoic éisc nó iascaigh.

(3) Ba cheart TACanna a bhunú, dá bhrí sin, i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ar bhonn na comhairle eolaíche atá ar fáil, agus aird á tabhairt ar ghnéithe bitheolaíocha agus socheacnamaíocha agus cóir chothrom idir earnálacha iascaireachta á háirithiú ag an am céanna, agus i bhfianaise na dtuairimí a cuireadh in iúl le linn an chomhairliúcháin le geallsealbhóirí, go háirithe le linn chruinnithe na gcomhairlí comhairleacha.

[1] Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2013 maidir leis an gComhbheartas Iascaigh, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1954/2003 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2371/2002 ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 639/2004 ón gComhairle agus Cinneadh 2004/585/CE ón gComhairle (IO L 354, 28.12.2013, lch. 22).

(4) Faoi Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, tá na stoic uile a bhfuil teorainneacha gabhálacha ag gabháil leo faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír ón 1 Eanáir 2019, ach d'fhéadfadh feidhm a bheith ag eisceachtaí áirithe. Foráiltear le hAirteagal 16(2) den Rialachán sin, i gcás ina dtabharfar isteach an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír i ndáil le stoc éisc, beidh na deiseanna iascaireachta ina léiriú ar ghabhálacha seachas ar ghabhálacha a thabharfar i dtír. Ar bhonn moltaí comhpháirteacha ó na Ballstáit agus i gcomhréir le hAirteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ghlac an Coimisiún roinnt rialachán tarmligthe lena leagtar síos na sonraí, i bhfoirm pleananna ar leith maidir le hábhar muirí aischurtha, a bhaineann le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír.

(5) Ba cheart a chur san áireamh sna deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic speicis a chumhdaítear leis an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, nach gceadaítear a thuilleadh i bprionsabal iasc a aischur. Dá bhrí sin, ba cheart iad a bheith bunaithe ar an bhfigiúr comhairle le haghaidh gabhálacha iomlána arna chur ar fáil ag an gComhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara (ICES) (seachas ar an bhfigiúr le haghaidh gabhálacha inmhianaithe). Na cainníochtaí a bhféadfar, mar eisceacht ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír, leanúint de bheith á n-aischur, ba cheart iad a asbhaint ón bhfigiúr comhairle sin le haghaidh gabhálacha iomlána.

(6) Is ann do stoic áirithe ar thug ICES comhairle maidir le gabhálacha nialasacha ina leith. Mar sin féin, má bhunaítear na TACanna le haghaidh na stoc sin ar an leibhéal a mholtar, thiocfadh feiniméan an 'tachtspeicis' chun cinn de thoradh na hoibleagáide gach gabháil a thabhairt i dtír, lena n-áirítear foghabhálacha ó na stoic sin, in iascaigh mheasctha. Chun an chothromaíocht cheart a bhaint amach idir an t-iascach a choimeád ar bun (i bhfianaise na n-impleachtaí tromchúiseacha socheacnamaíocha a d'fhéadfadh a bheith ann mura ndéanfar amhlaidh), agus an gá atá le stádas maith bitheolaíoch a bhaint amach le haghaidh na stoc sin, agus aird á tabhairt ar an deacracht a bhaineann le hiascaireacht a dhéanamh ar gach stoc in iascach measctha ag an uastáirgeacht inbhuanaithe (MSY), is iomchuí TACanna sonracha a bhunú le haghaidh fhoghabhálacha na stoc sin. Ba cheart leibhéal na TACanna sin a shocrú sa chaoi go laghdófar ráta básmhaireachta na stoc sin agus go mbeidh sin ina dhreasacht chun an roghnaíocht agus an tseachaint a fheabhsú. Chun gabhálacha na stoc a laghdú a bhfuil TACanna foghabhála socraithe ina leith, ba cheart na deiseanna iascaireachta le haghaidh na n-iascach as a ngabhtar na stoic sin a shocrú ar leibhéil a chuideoidh le bithmhais na stoc leochaileach a athshlánú go leibhéil inbhuanaithe. Ba cheart bearta teicniúla agus rialaithe a mbeadh dlúthbhaint acu le deiseanna iascaireachta a bhunú freisin chun aischur neamhdhleathach a chosc.

(7) Chun úsáid deiseanna iascaireachta in iascaigh mheasctha i gcomhréir le hAirteagal 16(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 a ráthú a mhéid is féidir, is iomchuí linn a bhunú le haghaidh malartuithe cuótaí le haghaidh na mBallstát nach bhfuil aon chuóta acu chun a bhfoghabhálacha dosheachanta a chumhdach.

(8) I gcomhréir le plean ilbhliantúil Uiscí an Iarthair arna bhunú le Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], déanfar an

2 Rialachán (AE) 2019/472 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Márta 2019 lena mbunaítear plean ilbhliantúil do stoic a dhéantar a iascach in Uiscí an Iarthair agus sna huiscí máguaird agus d'iascaigh a shaothraíonn na stoic sin, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2016/1139 agus (AE) 2018/973 agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007 agus (CE) Uimh. 1300/2008 ón gComhairle (IO L 83, 25.3.2019, lch. 1).

spriocbhásmhaireacht iascaireachta le haghaidh na stoc a liostaítear in Airteagal 1(1) a choinneáil laistigh de raonta luachanna básmhaireachta iascaireachta a mbíonn MSY (raon $F_{MSY}$) a shainítear in Airteagal 2 den Rialachán sin mar thoradh orthu, i gcomhréir le hAirteagal 4 de. Ba cheart, dá bhrí sin, an bhásmhaireacht iascaireachta fhoriomlán le haghaidh doingin mhara Eorpacha (*Dicentrarchus labrax*) i ranna 8a agus 8b ICES a shocrú i gcomhréir le comhairle MSY ICES, agus gabhálacha tráchtála agus áineasa agus ábhar muirí aischurtha á gcur san áireamh. Ciallaíonn 'luach phointe $F_{MSY}$' luach na básmhaireachta iascaireachta lena dtugtar an uastáirgeacht inbhuanaithe fhadtéarmach; Ba cheart do na Ballstáit ábhartha (an Fhrainc agus an Spáinn) bearta iomchuí a ghlacadh chun a áirithiú nach rachaidh an bhásmhaireacht iascaireachta óna gcabhlaigh iascaigh agus óna n-iascairí áineasa os cionn luachphointe $F_{MSY}$, mar a cheanglaítear le hAirteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2019/472.

(9) Ba cheart na bearta le haghaidh iascaigh áineasa i gcás doingin mhara Eorpacha a choinneáil ar bun, i bhfianaise thionchar suntasach an iascaigh áineasa ar na stoic lena mbaineann. Ba cheart na teorainneacha gabhála a choimeád i gcomhréir leis an gcomhairle eolaíoch. Ba cheart líonta seasmhacha a eisiamh, toisc nach bhfuil siad sách roghnach agus is dóichí go ngabhfar líon is airde eiseamal ná na teorainneacha atá leagtha síos. I bhfianaise na n-imthosca comhshaoil, sóisialta agus eacnamaíocha, agus go háirithe spleáchas na n-iascairí tráchtála ar na stoic sin sna pobail cois cósta, tá, leis na bearta sin maidir le doingin mhara Eorpacha, cothromaíocht iomchuí ann idir leasanna na n-iascairí tráchtála agus na n-iascairí áineasa. Go háirithe, leis na bearta sin cuirtear ar a gcumas d'iascairí áineasa iascaireacht a dhéanamh trína dtionchar ar na stoic sin a chur san áireamh.

(10) Is í an chomhairle eolaíoch atá i bhfeidhm maidir le stoic ealásmabrainciach (sciataí, siorcanna, roic) gabhálacha nialasacha, de thaisme dhrochstádas caomhantais na stoc sin. Ina theannta sin, ciallaíonn rátaí arda marthanais nach meastar go n-ardaíonn aischur a bhásmhaireacht iascaireachta agus go mbeadh an t-aischur tairbhiúil ó thaobh chaomhnú na speiceas sin. Dá bhrí sin, ba cheart toirmeasc a chur ar speiceas den sórt sin a iascach. Faoi phointe (a) d'Airteagal 15(4) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, níl feidhm ag an oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír maidir leis na speicis bhfuil lánchosc ar iascaireacht ina leith.

(11) Bunaíodh plean ilbhliantúil na Mara Thuaidh le Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3] agus tháinig an plean i bhfeidhm in 2018. Bunaíodh plean ilbhliantúil Uiscí an Iarthair le Rialachán (AE) 2019/472 agus tháinig an plean i bhfeidhm in 2019. Ba cheart deiseanna iascaireachta le haghaidh na stoc a liostaítear in Airteagal 1(1) de na pleananna sin a shocrú i gcomhréir le spriocanna (raonta $F_{MSY}$) agus le coimircí dá bhforáiltear sna pleananna ilbhliantúla. Leagadh amach na raonta $F_{MSY}$ sa chomhairle ábhartha ICES. I gcás nach mbeidh faisnéis eolaíoch leormhaith ar fáil, ba cheart deiseanna iascaireachta le haghaidh na stoc foghabhála a shocrú i gcomhréir leis an gcur chuige réamhchúraim, mar a leagtar amach sna pleananna ilbhliantúla.

3 Rialachán (AE) 2018/973 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2018 lena mbunaítear plean ilbhliantúil le haghaidh stoic ghrinnill sa Mhuir Thuaidh agus le haghaidh na n-iascach a shaothraíonn na stoic sin, lena sonraítear mionsonraí maidir le cur chun feidhme na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír sa Mhuir Thuaidh agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 676/2007 agus (CE) Uimh. 1342/2008 ón gComhairle (IO L 179, 16.7.2018, lch. 1).

(12) I gcomhréir le hAirteagal 7 de phlean ilbhliantúil na Mara Thuaidh i gcás ina léireoidh an chomhairle eolaíoch go bhfuil bithmhais stoic sceite aon cheann de na stoic éisc dá dtagraítear in Airteagal 1(1) den phlean sin faoi bhun an phointe tagartha teorann ($B_{lim}$), tá bearta ceartaitheacha breise le déanamh chun a áirithiú go ndéanfar leibhéil an stoic éisc a athbhunú go tapa os cionn na leibhéal atá in ann MSY a tháirgeadh. Féadfar a áireamh ar na bearta ceartaitheacha sin go háirithe iascaireacht dhírithe an stoic atá i gceist a chur ar fionraí agus laghdú leordhóthanach deiseanna iascaireachta maidir leis na stoic sin nó na stoic eile san iascach.

(13) Ba cheart na TACanna le haghaidh tuinníní gorma san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir a bhunú i gcomhréir leis na rialacha a leagtar síos i Rialachán (AE) 2016/1627 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[4].

(14) Maidir le stoic a bhfuil easpa sonraí leordhóthanacha nó iontaofa ina leith ar a bhfuil meastacháin ar mhéid na stoc le bunú, ba cheart, le bearta bainistíochta agus leibhéil TAC, cloí leis an gcur chuige réamhchúraim i leith bainistiú iascach mar a shainmhínítear é in Airteagal 4(1)(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus fachtóirí stocshonracha á gcur san áireamh ag an am céanna, (go háirithe an fhaisnéis atá ar fáil faoi threochtaí stoc agus gnéithe maidir le hiascaigh mheasctha.

(15) Le Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle[5], tugadh coinníollacha breise isteach maidir le TACanna a bhainistiú ó bhliain go bliain, lena n-áirítear forálacha solúbthachta le haghaidh TACanna réamhchúraim agus TACanna anailíseacha (Airteagail 3 agus 4) Faoi Airteagal 2 den Rialachán sin, bíonn sé le cinneadh ag an gComhairle, agus TACanna á mbunú aici, cé na stoic nach mbeidh feidhm ag Airteagail 3 nó 4 den Rialachán sin maidir leo, go háirithe ar bhonn stádas bitheolaíoch na stoc sin. In 2014, tugadh sásra solúbthachta ó bhliain go bliain eile isteach faoi Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 maidir le gach stoc atá faoi réir oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír. Chun solúbthacht iomarcach a sheachaint a bhainfeadh an bonn de phrionsabal shaothrú céillí freagrach na n-acmhainní bitheolaíocha muirí, gnóthú chuspóirí CBI agus stádas bitheolaíoch na stoc, níor cheart feidhm a bheith ag Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 maidir le TACanna anailíseacha ach amháin i gcás nach mbaintear leas as an tsolúbthacht ó bhliain go bliain dá bhforáiltear in Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

(16) I gcás nach gcionroinnfear TAC ach ar aon Bhallstát amháin, is iomchuí a thabhairt de chumhacht don Bhallstát sin TAC a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 2(1) de CFAE. Ba cheart a áirithiú go ngníomhóidh an Ballstát, agus leibhéal TAC á chinneadh aige, ar bhealach a bheidh comhchuí go hiomlán le prionsabail agus le rialacha CBI.

(17) Ní mór na huasteorainneacha iarrachta iascaireachta le haghaidh 2022 a bhunú i gcomhréir le hAirteagail 5, 6, 7 agus 9 de Rialachán (AE) 2016/1627 agus le hIarscríbhinn I a ghabhann leis.

---

[4] Rialachán (AE) 2016/1627 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2016 maidir le plean téarnaimh ilbhliantúil don tuinnín gorm san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 302/2009 ón gComhairle (IO L 252, 16.9.2016, lch. 1).

[5] Rialachán (CE) Uimh. 847/96 ón gComhairle an 6 Bealtaine 1996 lena dtugtar isteach coinníollacha breise maidir le TACanna agus cuótaí a bhainistiú ó bhliain go bliain (IO L 115, 9.5.1996, lch. 3).

(18) Chun a ráthú go mbainfear lánúsáid as deiseanna iascaireachta, is iomchuí foráil a dhéanamh do shocrú solúbtha a chur chun feidhme idir limistéir áirithe TAC inarb é an stoc bitheolaíoch céanna atá i gceist.

(19) I gcás speicis áirithe, amhail speicis áirithe siorcanna, d'fhéadfadh fiú gníomhaíocht theoranta iascaireachta a bheith ina siocair le riosca tromchúiseach caomhnaithe. Ba cheart mar sin srian iomlán a chur ar dheiseanna iascaireachta i gcás speiceas den chineál sin trí bhíthin toirmeasc ginearálta ar iascaireacht a dhéanamh ar na speicis sin.

(20) Ag an 12ú Comhdháil de na Páirtithe sa Choinbhinsiún maidir le Caomhnú na Speiceas Imirceach Ainmhithe Fiáine (Mainile, an 23-28 Deireadh Fómhair 2017), cuireadh roinnt speiceas leis na liostaí de speicis faoi chosaint in Aguisíní I agus II a ghabhann leis an gCoinbhinsiún. Dá bhrí sin, is iomchuí foráil a dhéanamh do chosaint na speiceas sin maidir le soithí iascaireachta de chuid an Aontais sna huiscí uile agus maidir le soithí iascaireachta nach den Aontas iad ach a bhíonn ag iascaireacht in uiscí an Aontais.

(21) Tá úsáid na ndeiseanna iascaireachta atá ar fáil do shoithí iascaireachta an Aontais a leagtar amach sa Rialachán seo faoi réir Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle[6], agus go háirithe Airteagail 33 agus 34 den Rialachán sin, maidir le gabhálacha agus iarracht iascaireachta a thaifeadadh agus maidir le fógra a thabhairt faoi shonraí i ndáil le hídiú deiseanna iascaireachta. Is gá, dá bhrí sin, na cóid atá le húsáid ag na Ballstáit a shonrú agus sonraí á gcur chuig an gCoimisiún maidir le stoic éisc a thabhairt i dtír atá faoi réir an Rialacháin seo.

(22) Tá TAC an Aontais le haghaidh haileabó Graonlannach in uiscí idirnáisiúnta d'fholimistéir ICES 1 agus 2 gan dochar do sheasamh an Aontais maidir le cion iomchuí an Aontais san iascach sin.

(23) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2020, ghlac Coimisiún Iascaigh an Atlantaigh Thoir Thuaidh (NEAFC) beart caomhnaithe maidir leis an dá stoc péirsí mara i Muir Irminger agus sna huiscí taobh léi, lenar cuireadh toirmeasc ar iascaireacht dhíreach a dhéanamh ar na stoic sin. Ina theannta sin, chuir NEAFC toirmeasc ar ghníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar ina gcomhchruinníonn péirsí mara, chun foghabhálacha a íoslaghdú. Ba cheart na bearta sin, bunaithe ar chomhairle ICES nach ndéanfaí aon ghabhálacha, a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. Níorbh fhéidir le NEAFC moladh a ghlacadh maidir le péirsí mara i bhfolimistéir ICES 1 agus 2. Ba cheart TAC a bhunú le haghaidh an stoic sin i gcomhréir le seasamh an Aontais a cuireadh iúl i NEAFC.] [*Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis chruinniú bliantúil NEAFC.*]

(24) [De dheasca phaindéim COVID-19, tháinig próiseas cinnteoireachta trí chomhfhreagras in ionad chruinniú bliantúil an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT) le haghaidh 2020, ar próiseas é ar cuireadh tús leis i mí Dheireadh Fómhair 2020 agus ar cheart deireadh a bheith leis go luath i mí Eanáir 2021. Ba cheann de phríomhchuspóirí an phróisis sin go bhféadfaí

[6] Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009 ón gComhairle an 20 Samhain 2009, lena mbunaítear córas rialaithe de chuid an Aontais chun comhlíonadh rialacha an chomhbheartais iascaigh a áirithiú, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 847/96, (CE) Uimh. 2371/2002, (CE) Uimh. 811/2004, (CE) Uimh. 768/2005, (CE) Uimh. 2115/2005, (CE) Uimh. 2166/2005, (CE) Uimh. 388/2006, (CE) Uimh. 509/2007, (CE) Uimh. 676/2007, (CE) Uimh. 1098/2007, (CE) Uimh. 1300/2008, (CE) Uimh. 1342/2008, agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 2847/93, (CE) Uimh. 1627/94 agus (CE) Uimh. 1966/2006, (IO L 343, 22.12.2009, lch. 1).

bearta a bhí ann cheana agus a thiocfadh chun deiridh in 2020 a fhadú trí bhíthin mionoiriúnuithe teicniúla i gcás inar ghá.] [*Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis chruinniú bliantúil ICCAT*]

(25) [Le Moladh 19-04 ó ICCAT maidir le plean bainistíochta don tuinnín gorm, ní bhunaítear TAC ach le haghaidh 2019 agus 2020. Tá cinneadh le glacadh go fóill ag ICCAT maidir le leibhéal na ngabhálacha iomlána incheadaithe le haghaidh 2021. Agus an próiseas cinnteoireachta a úsáideadh in 2020 á chur san áireamh, moladh go leanfaí leis an gcomhairle eolaíoch, ina moltar go gcoinneofaí an TAC ar 36000 t. Cé go bhfuil an chuma air go bhfuil comhdhearcadh ann maidir le leibhéal an TAC, tá baol ann nach nglacfaidh ICCAT go foirmiúil é sula nglacfar an Rialachán seo. Ba cheart, dá bhrí sin, an TAC a bhunú ar an leibhéal sin, ach ba cheart é a athbhreithniú a luaithe is féidir má ghlacann ICCAT TAC difriúil.] [*Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis chruinniú bliantúil ICCAT*]

(26) [Le linn phróiseas cinnteoireachta ICCAT 2020, mhol an tAontas plean cuimsitheach ina raibh TAC darbh aidhm deireadh a chur le ró-iascaireacht ar mhácónna biorshrónacha san Atlantach Thuaidh, mar aon le sraith beart tionlacain chun a bhásmhaireacht a laghdú a thuilleadh. Agus gan aon chomhthoil ann in ICCAT, agus i bhfianaise staid uafásach an stoic sin agus ós rud é gurb é an tAontas atá freagrach as dhá thrian de leibhéal na gabhála, ba cheart don Aontas teorainn gabhála aontaobhach a bhunú don speiceas sin, teorainn fhoriomlán a chomhfhreagraíonn dá sciar den teorainn arna éileamh ag an gcoiste eolaíoch ar leibhéal ICCAT. [*Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis chruinniú bliantúil ICCAT.]*

(27) [Le Moladh 17-04 ó ICCAT maidir le riail rialaithe gabhála (HCR) do thuinnín colgach an Atlantaigh Thuaidh, ní bhunaítear TAC ach le haghaidh 2018–2020. Tá cinneadh le glacadh go fóill ag ICCAT maidir leis an ngabháil iomlán incheadaithe (TAC) le haghaidh 2021. I bhfianaise an phróisis cinnteoireachta a úsáideadh in 2020, moladh go leanfaí an chomhairle eolaíoch a mholann go ndéantar TAC nua a bhunú ar bhonn an HCR eatramhach atá ann faoi láthair, agus nach ndéantar méadú *pro rata* ar na gabhálacha agus ar theorainneacha eile a chur chun feidhme ach ar feadh aon bhliain amháin. Cé gur cosúil go bhfuil comhthoil ann i dtaobh leibhéal TAC, tá baol ann nach nglacfaidh ICCAT go foirmiúil é sula nglacfar an Rialachán seo. Ba cheart, dá bhrí sin, an TAC a bhunú ar an leibhéal sin, ach ba cheart é a athbhreithniú a luaithe is féidir má ghlacann ICCAT TAC difriúil.] [*Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis chruinniú bliantúil ICCAT.]*

(28) [I bhfianaise an phróisis cinnteoireachta a úsáideadh in 2020, níor ghlac ICCAT na TACanna go foirmiúil fós le haghaidh tuinníní mórshúileacha, tuinníní buí, mairlíní gorma ná mairlíní geala. Cé gur cosúil go bhfuil comhthoil ann i dtaobh leibhéal na TACanna, tá baol ann nach nglacfaidh ICCAT go foirmiúil iad sula nglacfar an Rialachán seo. Ba cheart, dá bhrí sin, na TACanna a bhunú ar an leibhéal sin ach ba cheart iad a athbhreithniú a luaithe is féidir má ghlacann ICCAT TACanna difriúla.] [*Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis chruinniú bliantúil ICCAT.]*

(29) [Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2020, ghlac an Coimisiún um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha (CCAMLR) teorainneacha gabhála le haghaidh na spriocspeiceas agus na speiceas foghabhála araon le haghaidh na tréimhse ón 1 Nollaig 2020 go dtí an 30 Samhain 2021. Ba cheart glacadh na gcuótaí comhfhreagacha in 2020 a chur san áireamh agus deiseanna iascaireachta á socrú le haghaidh 2021.]

[*Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis chruinniú bliantúil CCAMLR.]*

(30) [Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2020, choinnigh an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh (IOTC) na bearta caomhnaithe agus bainistíochta a glacadh roimhe sin. Ba cheart leanúint de na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.] [*Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis chruinniú bliantúil IOTC.]*

(31) Tionólfar cruinniú bliantúil na hEagraíochta Réigiúnaí um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas (SPRFMO) ón 21 Eanáir go dtí an 1 Feabhra 2021. Ba cheart na bearta reatha i limistéar Choinbhinsiún SPRFMO a choinneáil go sealadach go dtí go dtionólfar an cruinniú bliantúil.] [*Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis chruinniú bliantúil SPRFMO.]*

(32) [Ag an gcruinniú a bhí aige in 2020, níor tháinig an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha (IATTC) ar chomhthoil i dtaobh síneadh a chur leis an mbeart is déanaí maidir le tuinníní trópaiceacha, a chuaigh in éag an 31 Nollaig 2020. Mar thoradh air sin, ní bheidh iascach an tuinnín ghoirm san Aigéan Ciúin Thoir á rialú amhail ón 1 Eanáir 2021. I bhfianaise an phrionsabail réamhchúraim faoi CFP, is iomchuí go leanann an tAontas do na forálacha a chur i bhfeidhm maidir le tuinníní treochreasacha i Rialachán (AE) 2020/123 ón gComhairle[7] go dtí go gcomhaontóidh IATTC beart nua. [*Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis chruinniú bliantúil IATTC.]*

(33) Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2020, dhaingnigh an Coimisiún um an Tuinnín Gorm Deisceartach a Chaomhnú an TAC don tuinnín gorm deisceartach le haghaidh 2021 a glacadh ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2016. Ba cheart na bearta ábhartha a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.] [*Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis chruinniú bliantúil CCSBT.]*

(34) [Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aici in 2020, chinn Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas (SEAFO) na TACanna le haghaidh 2020 a choinneáil ar bun le haghaidh na bpríomhspeiceas faoina cúram go dtí go mbeidh an chéad chruinniú bliantúil eile aici in 2021. Ba cheart na bearta ábhartha a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.] [*Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis chruinniú bliantúil SEAFO.]*

(35) [Ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2020, chuir an Coimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir (WCPFC) síneadh leis na bearta caomhnúcháin agus bainistíochta le haghaidh tuinníní trópaiceacha. Shoiléirigh sé freisin na teorainneacha gabhála is infheidhme maidir le báid spiléireachta de chuid an Aontais atá ag iascaireacht tuinníní mórshúileacha. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.] [*Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis chruinniú bliantúil WCPFC.]*

(36) [Ag an 42ú cruinniú bliantúil a bhí aici in 2020, ghlac Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh (NAFO) roinnt deiseanna iascaireachta le haghaidh 2021 i gcás stoic áirithe i bhfolimistéir 1 go 4 de limistéar Choinbhinsiún NAFO. Ba cheart

[7] Rialachán (AE) 2020/123 ón gComhairle an 27 Eanáir 2020 lena socraítear le haghaidh 2020 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc, is infheidhme in uiscí an Aontais agus, i gcás soithí iascaireachta de chuid an Aontais, in uiscí áirithe nach uiscí de chuid an Aontais iad (IO L 25, 30.1.2020, lch. 1).

na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.] [*Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis chruinniú bliantúil NAFO.]*

(37) [Ag an 7ú cruinniú a bhí ag Comhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (SIOFA) in 2020, coinníodh na TACanna a glacadh in 2019 le haghaidh na stoc a chumhdaítear leis an gComhaontú. Ba cheart na bearta sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais.] [*Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis chruinniú bliantúil SIOFA.]*

(38) [Deonaítear faoi Chonradh an 9 Feabhra 1920 a bhaineann le Spitsbergen (Svalbard) ('Conradh Pháras 1920') rochtain chomhionann agus neamh-idirdhealaitheach ar acmhainní do gach Páirtí sa Chonradh sin, lena n-áirítear i ndáil le hiascaireacht. Leagadh amach seasamh an Aontais maidir le rochtain den sórt sin ar phortáin sneachta ar an scairbh ilchríochach timpeall ar Svalbard, i roinnt *note verbale* chuig an Iorua dar dáta an 26 Feabhra 2021 agus an 28 Meitheamh 2021. Chun a áirithiú go dtabharfar saothrú portán sneachta timpeall ar Svalbard i gcomhréir le cibé rialacha bainistithe neamh-idirdhealaitheacha a d'fhéadfadh an Iorua a leagan amach, a bhfuil ceannasacht agus dlínse aici sa limistéar laistigh de theorainneacha Chonradh Pháras, is iomchuí an líon soithí dá n-údaraítear an t-iascach sin a dhéanamh a shocrú. Tá cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta sin ar na Ballstát teoranta do 2022. Meabhraítear gur ar na Ballstáit bhrataí atá an phríomhfhreagracht, san Aontas, comhlíonadh an dlí is infheidhme a áirithiú.]

(39) I gcomhréir leis an dearbhú ón Aontas chuig Poblacht Bholavarach Veiniséala maidir le deiseanna iascaireachta in uiscí an Aontais a dheonú do shoithí iascaireachta a mbeidh bratach Veiniséala ar foluain acu sa limistéar eacnamaíoch eisiach amach ó chósta Ghuáin na Fraince[8], ní mór na deiseanna iascaireachta sclamhairí a bheidh ar fáil do Veiniséala in uiscí an Aontais a shocrú.

(40) Ós rud é gur cheart forálacha áirithe a chur i bhfeidhm ar bhonn leanúnach, agus chun éiginnteacht dhlíthiúil a sheachaint sa tréimhse idir deireadh 2022 agus dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2023, ba cheart forálacha an Rialacháin seo maidir le toirmisc agus séasúir choiscthe a bheith fós infheidhme ag tús 2023, go dtí go dtiocfaidh an Rialachán lena socraítear na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2023 i bhfeidhm.

(41) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun Ballstáit aonair a údarú chun cionrannta iarrachta iascaireachta a bhainistiú i gcomhréir le córas cileavat-lae. Ba cheart don Choimisiún na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9].

(42) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún chun laethanta breise ar muir a dheonú le haghaidh scor buan na ngníomhaíochtaí

---

8 Cinneadh (AE) 2015/1565 ón gComhairle an 14 Meán Fómhair 2015, maidir le formheas, thar ceann an Aontais Eorpaigh, ar dheonú deiseanna iascaireachta in uiscí an Aontais do shoithí iascaireachta faoi bhratach Phoblacht Bholavarach Veiniséala sa limistéar eacnamaíoch eisiach amach ó chósta Ghuáin na Fraince (IO L 244, 19.9.2015, lch. 55).

9 Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

iascaireachta agus le haghaidh cumhdach feabhsaithe breathnóirí eolaíochta, agus chun formáidí scarbhileoige a bhunú chun faisnéis a bhailiú agus a tharchur a bhaineann le haistriú laethanta ar muir idir soithí iascaireachta a bhfuil bratach Bhallstáit ar foluain acu. Ba cheart don Choimisiún na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

(43) Chun cur isteach ar ghníomhaíochtaí iascaireachta a sheachaint agus slí bheatha iascairí an Aontais a áirithiú, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2022, cé is moite de na forálacha a bhaineann le teorainneacha ar iarrachtaí iascaireachta, ar cheart feidhm a bheith acu ón 1 Feabhra 2022, agus forálacha áirithe a bhaineann le réigiúin ar leith, ar cheart dáta sonrach cur i bhfeidhm a bheith ag gabháil leo. Ar chúiseanna práinne, go dtiocfadh an Rialachán i bhfeidhm láithreach tar éis a fhoilsithe.

(44) Glacfaidh na heagraíochtaí ábhartha réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna) bearta idirnáisiúnta áirithe lena gcruthófar nó lena srianfar deiseanna iascaireachta le haghaidh an Aontais ag deireadh na bliana agus beidh feidhm ag na bearta sin sula dtiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm. Ba cheart, dá bhrí sin, feidhm chúlghabhálach a bheith ag na forálacha lena gcuirtear na bearta sin chun feidhme i ndlí an Aontais. Go háirithe, ós rud é go maireann an séasúr iascaireachta i limistéar Choinbhinsiún CCAMLR ón 1 Nollaig go dtí an 30 Samhain agus, ar an gcaoi sin, go leagtar síos deiseanna nó toirmisc áirithe iascaireachta i limistéar Choinbhinsiún CCAMLR le haghaidh na tréimhse dar tús an 1 Nollaig 2021, ba cheart feidhm a bheith ag forálacha ábhartha an Rialacháin seo ón dáta sin. Ní dhéanann an cur i bhfeidhm cúlghabhálach sin dochar do phrionsabal an ionchais dhlisteanaigh ós rud é go bhfuil cosc ar chomhaltaí CCAMLR iascaireacht a dhéanamh i Limistéar Choinbhinsiún CCAMLR gan údarú.

(45) [I gcomhréir leis an nós imeachta dá bhforáiltear sa Chomhaontú agus sa Phrótacal ar an gcaidreamh iascaigh leis an nGraonlainn, tá leibhéal na ndeiseanna iascaireachta atá ar fáil le haghaidh an Aontais in uiscí na Graonlainne in 2022 bunaithe ag an gComhchoiste[10].] [*Déanfar an aithris agus na forálacha ábhartha a thabhairt cothrom le dáta tar éis na gcomhairliúchán ábhartha.*]

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

# TEIDEAL I
# FORÁLACHA GINEARÁLTA

*Airteagal 1*
*Ábhar*

1. Leis an Rialachán seo, socraítear na deiseanna iascaireachta a bheidh ar fáil in uiscí an Aontais agus do shoithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí áirithe nach uiscí an Aontais iad, le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc.

2. Áirítear leis na deiseanna iascaireachta dá dtagraítear i mír 1:

10 An Comhaontú Comhpháirtíochta Iascaigh idir an Comhphobal Eorpach de pháirt amháin, agus Rialtas na Danmhairge agus Rialtas Baile na Graonlainne, den pháirt eile (IO L 172, 30.6.2007, lch. 4) agus an prótacal lena leagtar amach na deiseanna iascaireachta agus an ranníocaíocht airgeadais dá bhforáiltear sa Chomhaontú sin (IO L 293, 23.10.2012, lch. 5).

(a) na teorainneacha gabhála le haghaidh na bliana 2022 agus, i gcás ina sonraítear amhlaidh sa Rialachán seo, le haghaidh na bliana 2023;

(b) na teorainneacha iarrachta iascaireachta le haghaidh na bliana 2022, cé is moite de na teorainneacha iarrachta iascaireachta in Iarscríbhinn II, a mbeidh feidhm acu ón 1 Feabhra 2022 go dtí an 31 Eanáir 2023;

(c) na deiseanna iascaireachta le haghaidh na tréimhse ón 1 Nollaig 2021 go dtí an 30 Samhain 2022 le haghaidh stoic áirithe i Limistéar Choinbhinsiún CCAMLR.

*Airteagal 2*
*Raon Feidhme*

1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na soithí seo a leanas:

(a) soithí iascaireachta de chuid an Aontais;

(b) soithí tríú tír in uiscí an Aontais.

2. Tá feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir leis an méid seo a leanas:

(a) iascach áineasa áirithe, faoi mar a thagraítear go sainráite don iascach sin sna forálacha ábhartha den Rialachán seo;

(b) iascach tráchtála ón gcladach.

*Airteagal 3*
*Sainmhínithe*

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe atá leagtha amach in Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013. Thairis sin, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'soitheach tríú tír' soitheach iascaireachta a bhfuil bratach tríú tír ar foluain aici, agus atá cláraithe i dtríú tír;

(b) ciallaíonn 'iascach áineasa' gníomhaíochtaí iascaireachta neamhthráchtála lena saothraítear acmhainní bitheolaíocha na mara i gcomhthéacs áineasa, turasóireachta nó spóirt.

(c) ciallaíonn 'uiscí idirnáisiúnta' uiscí atá lasmuigh de cheannasacht nó de dhlínse aon stáit;

(d) ciallaíonn 'gabháil iomlán incheadaithe' (TAC):

(i) in iascaigh atá faoi réir na díolúine ón oibleagáid gabhálacha a thabhairt i dtír dá dtagraítear in Airteagal 15(4) go (7) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, an chainníocht éisc a fhéadfar a thabhairt i dtír as gach stoc gach bliain;

(ii) i ngach iascach eile, an chainníocht éisc a fhéadfar a ghabháil as gach stoc gach bliain;

(e) ciallaíonn 'cuóta' an cion de TAC a chionroinntear ar an Aontas, ar Bhallstát nó ar thríú tír;

(f) ciallaíonn 'measúnú anailíseach' meastóireacht chainníochtúil ar threochtaí i stoc ar leith, bunaithe ar shonraí maidir le bitheolaíocht agus saothrú an stoic sin, ar léirigh athbhreithniú eolaíoch na sonraí sin a bheith de cháilíocht leordhóthanach chun comhairle eolaíoch a sholáthar i ndáil le roghanna maidir le gabhálacha amach anseo;

(g) ciallaíonn ‘mogallmhéid’ mogallmhéid líonta iascaireachta mar a shainítear in Airteagal (6), pointe (34) de Rialachán (AE) Uimh. 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[11];

(h) ciallaíonn ‘clár cabhlaigh iascaireachta an Aontais’ an clár arna bhunú ag an gCoimisiún de bhun Airteagal 24(3) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(i) ciallaíonn ‘logleabhar iascaireachta’ an logleabhar dá dtagraítear in Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

(j) ciallaíonn ‘baoi gléasta’ baoi atá marcáilte go soiléir le huimhir thagartha uathúil lenar féidir a úinéir a shainaithint agus atá feistithe le córas rianaithe satailíte chun faireachán a dhéanamh ar a shuíomh;

(k) ciallaíonn ‘baoi oibríochtúil’ aon bhaoi gléasta, a rinneadh a ghníomhachtú, a chasadh air agus a imlonnú roimhe ar muir ar shruthfheiste um chomhbhailiú éisc (FAD) nó ar loga le sruth, a tharchuireann suíomhanna agus faisnéis eile atá ar fáil amhail meastacháin sondálaí fuaime.

(l) ciallaíonn ‘luachphointe $F_{MSY}$’ luach an ráta básmhaireachta iascaireachta measta atá bunaithe ar phatrún iascaireachta agus faoi mhéandálaí comhshaoil reatha agus is é a thugann an uastáirgeacht inbhuanaithe fhadtéarmach.

*Airteagal 4*
*Limistéir iascaireachta*

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe limistéir seo a leanas:

(a) is éard is limistéir ICES (an Chomhairle Idirnáisiúnta um Thaiscéalaíocht na Mara) ann na limistéir gheografacha a shonraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[12];

(b) ciallaíonn ‘Skagerrak’ an limistéar geografach a theorannaítear thiar le líne a théann ó theach solais Hanstholm go dtí teach solais Lindesnes agus ó dheas le líne a théann ó theach solais Skagen go dtí teach solais Tistlarna agus ón bpointe sin go dtí an pointe is gaire ar chósta na Sualainne;

(c) ciallaíonn ‘Kattegat’ an limistéar geografach a theorannaítear ó thuaidh le líne a théann ó theach solais Skagen go dtí teach solais Tistlarna agus ón bpointe sin go dtí an pointe is gaire ar chósta na Sualainne agus ó dheas le líne a théann ó Hasenøre go dtí Gnibens Spids, ó Korshage go dtí Spodsbjerg, agus ó Gilbjerg Hoved go dtí Kullen;

(d) ciallaíonn ‘aonad feidhmiúil 16 d’fholimistéar 7 ICES’ an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

---

[11] Rialachán (AE) 2019/1241 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le hacmhainní iascaigh a chaomhnú agus le héiceachórais mhara a chosaint trí bhearta teicniúla, lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1967/2006, (CE) Uimh. 1224/2009 agus Rialacháin (AE) Uimh. 1380/2013, (AE) 2016/1139, (AE) 2018/973, (AE) 2019/472 agus (AE) 2019/1022 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CE) Uimh. 894/97, (CE) Uimh. 850/98, (CE) Uimh. 2549/2000, (CE) Uimh. 254/2002, (CE) Uimh. 812/2004 agus (CE) Uimh. 2187/2005 ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch 105).

[12] Rialachán (CE) Uimh. 218/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach thoir thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (IO L 87, 31.3.2009, lch. 70).

– 53° 30' T 15° 00' I,

– 53° 30' T°11 ° 00' I,

– 51 ° 30' T°11 ° 00' I,

– 51 ° 30' T°13 ° 00' I,

– 51 00' T 13 ° 00' I,

– 51 00' T 15° 00' I;

(e) ciallaíonn 'aonad feidhmiúil 25 de roinn 8c ICES' an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

– 43 00' T 9 ° 00' I,

– 43 00' T 10 ° 00' I,

– 43 30' T 10 ° 00' I,

– 43 30' T 9 ° 00' I,

– 44 00' T 9 ° 00' I,

– 44 00' T 8 ° 00' I,

– 43 30' T 8° 00' I,

(f) ciallaíonn 'aonad feidhmiúil 26 de roinn 9a ICES' an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

– 43° 00' T 8° 00' I,

– 43° 00' T 10° 00' I,

– 42° 00' T 10° 00' I,

– 42° 00' T 8° 00' I;

(g) ciallaíonn 'aonad feidhmiúil 27 de roinn 9a ICES' an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

– 42° 00' T 8° 00' I,

– 42° 00' T 10° 00' I,

– 38° 30' T 10° 00' I,

– 38° 30' T 9° 00' I,

– 40° 00' T 9° 00' I,

– 40° 00' T 8° 00' I;

(h) ciallaíonn ‘aonad feidhmiúil 30 de roinn 9a ICES’ an limistéar geografach faoi dhlínse na Spáinne i Murascaill Cádiz agus sna huiscí máguaird i roinn 9a ICES;

(i) ciallaíonn ‘aonad feidhmiúil 31 de roinn 8c ICES’ an limistéar geografach a theorannaítear le rumlínte a cheanglaíonn go seicheamhach na suíomhanna seo a leanas:

– 43° 30' T 6° 00' I,

– 44° 00' T 6° 00' I,

– 44° 00' T 2° 00' I,

– 43° 30' T 2° 00' I;

(j) ciallaíonn ‘Murascaill Cádiz’ an limistéar geografach de roinn 9a ICES lastoir de dhomhanfhad 7° 23′48″ I;

(k) is é ‘Limistéar Choinbhinsiún CCAMLR (an Coimisiún um Chaomhnú Beo-Acmhainní Muirí Antartacha)’ an limistéar geografach a shainítear i bpointe (a) d’Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 ón gComhairle[13];

(l) is iad limistéir CECAF (an Coiste Iascaigh um an Atlantach Thoir Láir) na limistéir gheografacha a shonraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[14];

(m) is é ‘Limistéar Choinbhinsiún IATTC (an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinnìní Teochreasacha)’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún chun an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha arna bhunú le Coinbhinsiún 1949 idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Poblacht Chósta Ríce a Neartú[15];

(n) is é ‘Limistéar Choinbhinsiún ICCAT (an Coimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh)’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh[16];

---

13 Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 ón gComhairle an 22 Márta 2004 lena leagtar síos bearta rialaithe áirithe is infheidhme maidir le gníomhaíochtaí iascaireachta sa limistéar a thagann faoi réim an Choinbhinsiúin maidir le beo-acmhainní muirí Antartacha a chaomhnú agus lena n-aisghairtear Rialacháin (CEE) Uimh. 3943/90, (CE) Uimh. 66/98 agus (CE) Uimh. 1721/1999 (IO L 97, 1.4.2004, lch. 16).

14 Rialachán (CE) Uimh. 216/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht i limistéir áirithe seachas i limistéir an Atlantaigh Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil ainmniúil (IO L 87, 31.3.2009, lch. 1).

15 D’fhormheas an Coimisiún an Coinbhinsiún chun IATTC a Neatú trí bhíthin Chinneadh 2006/539/CE ón gComhairle an 22 Bealtaine 2006 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, an Choinbhinsiúin chun an Coimisiún Idir-Mheiriceánach um Thuinníní Teochreasacha arna bhunú le Coinbhinsiún 1949 idir Stáit Aontaithe Mheiriceá agus Poblacht Chósta Ríce a Neartú (IO L 224, 16.8.2006, lch. 22).

16 D’aontaigh an tAontas do ICCAT trí bhíthin Chinneadh 86/238/CEE ón gComhairle an 9 Meitheamh 1986 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thuinníní Atlantacha a Chaomhnú, arna leasú leis an bPrótacal atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach

(o) is é ‘Limistéar Inniúlachta IOTC (an Coimisiún um Thuinníní an Aigéin Indiaigh)’ an limistéar geografach a shainítear sa Chomhaontú maidir le Bunú Choimisiún Tuinníní an Aigéin Indiaigh[17];

(p) is iad limistéir NAFO (Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thiar Thuaidh) na limistéir gheografacha a shonraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 217/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[18];

(q) is é ‘Limistéar Choinbhinsiún SEAFO (Eagraíocht Iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas)’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún um chaomhnú agus um bainistiú acmhainní iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas[19];

(r) is é ‘Limistéar Chomhaontú SIOFA (Comhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas)’ an limistéar geografach a shainítear i gComhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas[20];

(s) is é ‘Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO (an Eagraíocht Réigiúnach um Bainistíocht Iascaigh san Aigéan Ciúin Theas)’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún um chaomhnú agus bainistiú acmhainní iascaigh na mórmhara san Aigéan Ciúin Theas[21];

(t) is é ‘Limistéar Choinbhinsiún WCPFC (An Coimisiún Iascaigh don Aigéan Ciúin Iartharach agus don Aigéan Ciúin Láir )’ an limistéar geografach a shainítear sa Choinbhinsiún maidir le Stoic Éisc Mhórimirceacha san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir a Chaomhnú agus a Bhainistiú[22];

(u) is í ‘mórmhuir Mhuir Bheiring’ limistéar geografach mhórmhuir Mhuir Bheiring thar 200 muirmhíle ó na bonnlínte óna dtomhaistear leithead fharraige theorann Stáit chósta Mhuir Bheiring;

(v) is é an ‘limistéar forluí idir Limistéir Choinbhinsiún IATTC agus WCPFC’ an limistéar geografach a shainítear leis na teorainneacha seo a leanas:

– domhanfhad 150°I,

– domhanfhad 130°I,

---

Chomhdháil Lánchumhachtaigh na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún arna shíniú i bPáras an 10 Iúil 1984 (IO L 162, 18.6.1986, lch. 33).

17 D’aontaigh an tAontas do IOTC trí bhíthin Chinneadh 95/399/CE ón gComhairle an 18 Meán Fómhair 1995 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gComhaontú maidir le Bunú Choimisiún Tuinníní an Aigéin Indiaigh (IO L 236, 5.10.1995, lch. 24).

18 Rialachán (CE) Uimh. 217/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2009 maidir le Ballstáit atá ag iascaireacht san Atlantach Thiar Thuaidh do thíolacadh staidrimh ar ghabháil agus ar ghníomhaíocht (IO L 87, 31.3.2009, lch. 42).

19 D’aontaigh an tAontas Coinbhinsiún SEAFO trí bhíthin Chinneadh 2002/738/CE ón gComhairle an 22 Iúil 2002 maidir leis an gComhphobal Eorpach do thabhairt i gcrích an Choinbhinsiúin um chaomhnú agus um bainistiú acmhainní iascaigh an Atlantaigh Thoir Theas (IO L 234, 31.8.2002, lch. 39).

20 D’aontaigh an tAontas SIOFA trí bhíthin Chinneadh 2008/780/CE ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2008 maidir le tabhairt i gcrích, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, Chomhaontú Iascaigh an Aigéin Indiaigh Theas (IO L 268, 9.10.2008, lch. 27)

21 D’aontaigh an tAontas SPRFMO trí bhíthin Chinneadh 2012/130/AE ón gComhairle an 3 Deireadh Fómhair 2011 maidir le formheas, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Choinbhinsiúin um Chaomhnú agus Bainistiú Acmhainní Iascaigh Mórmhara san Aigéan Ciúin Theas (IO L 67, 6.3.2012, lch. 1).

22 D’aontaigh an tAontas le WCPFC trí bhíthin Chinneadh 2005/75/CE ón gComhairle an 26 Aibreán 2004 maidir le haontachas an Chomhphobail leis an gCoinbhinsiún maidir le Stoic Éisc Mhórimirceacha san Aigéan Ciúin Iartharach agus san Aigéan Ciúin Láir a Chaomhnú agus a Bhainistiú (IO L 32, 4.2.2005, lch. 1).

– domhanleithead 4°D,

– domhanleithead 50°D.

# TEIDEAL II
# NA DEISEANNA IASCAIREACHTA LE hAGHAIDH SHOITHÍ IASCAIREACHTA AN AONTAIS

## Caibidil I
## Forálacha ginearálta

*Airteagal 5*
*TACanna agus cionrannta*

1. Leagtar amach in Iarscríbhinn I na TACanna le haghaidh shoithí iascaireachta de chuid an Aontais in uiscí an Aontais agus in uiscí áirithe nach den Aontas iad, cionroinnt na TACanna sin i measc na mBallstát, agus na coinníollacha atá nasctha go feidhmiúil leis sin i gcás inarb iomchuí.

2. Beidh soithí iascaireachta an Aontais údaraithe chun iascaireacht a dhéanamh in uiscí laistigh de dhlínse iascach Oileáin Fharó, na Graonlainne, na hIorua, agus sa limistéar iascaireachta mórthimpeall Jan Mayen, faoi réir an choinníll a leagtar amach in Airteagal 14 den Rialachán seo, agus faoi réir na gcoinníollacha i Airteagal 16, Cuid A d'Iarscríbhinn V den Rialachán seo, agus i Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[23] agus ina fhorálacha cur chun feidhme.

3. Féadfar soithí iascaireachta an Aontais a údarú chun iascaireacht a dhéanamh, in uiscí laistigh de dhlínse iascach na Ríochta Aontaithe (UK), faoi réir na TACanna in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, agus faoi réir na gcoinníollacha in Airteagal 16 den Rialachán seo agus i Rialachán (AE) 2017/2403 agus ina fhorálacha cur chun feidhme.

*Airteagal 6*
*TACanna a bheidh le cinneadh ag na Ballstáit*

1. Cinnfidh an Ballstát lena mbaineann na TACanna i gcás stoic éisc áirithe, faoi mar a shainaithnítear in Iarscríbhinn I.

2. Maidir leis na TACanna a bheidh le cinneadh ag na Ballstáit:

   (a) beidh siad comhchuí le prionsabail agus rialacha CBI, go háirithe prionsabal shaothrú inbhuanaithe an stoic;

   (b) saothrú inbhuanaithe an stoic a bheidh mar thoradh air sin atá:

[23] Rialachán (AE) 2017/2403 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Nollaig 2017 maidir le bainistiú inbhuanaithe a dhéanamh ar chabhlaigh iascaireachta sheachtracha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1006/2008 ón gComhairle (IO L 347, 28.12.2017, lch. 81).

(i) i gcomhréir leis an uastáirgeacht inbhuanaithe, má bhíonn measúnú anailíseach ar fáil, agus an dóchúlacht is airde is féidir ann gurb amhlaidh a bheidh; nó

(ii) mura mbeidh measúnú anailíseach ar fáil nó má bhíonn sé neamhiomlán, beidh saothrú an stoic comhsheasmhach leis an gcur chuige réamhchúraim i leith bainistiú iascach.

3. Faoin 15 Márta 2022, cuirfidh gach Ballstát lena mbaineann an fhaisnéis seo a leanas faoi bhráid an Choimisiúin:

(a) na TACanna a chinnfidh sé;

(b) na sonraí a bailíodh agus a ndearnadh measúnú orthu, mar a úsáideadh mar bhonn do na TACanna;

(c) sonraí maidir leis an gcaoi a gcomhlíonann na TACanna a chinnfear mír 2.

*Airteagal 7*
*Coinníollacha maidir le gabhálacha agus foghabhálacha a thabhairt i dtír*

1. Gabhálacha nach mbeidh faoi réir na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a bhunaítear faoi Airteagal 15 de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, ní choinneofar ar bord iad ná ní thabharfar i dtír iad ach amháin:

(a) má ghabh soithí iad a bhfuil brat Ballstáit ar foluain orthu, a bhfuil cuóta acu agus nach bhfuil an cuóta sin ídithe; nó

(b) más cion de chuóta an Aontais iad nár cionroinneadh ar na Ballstáit agus nach bhfuil ídithe.

2. Sainaithnítear in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo stoic na speiceas nach spriocspeicis iad laistigh de theorainneacha bitheolaíocha sábháilte dá dtagraítear in Airteagal 15(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 chun críocha an mhaolaithe ón oibleagáid gabhálacha a chomhaireamh in aghaidh na gcuótaí ábhartha dá bhforáiltear san Airteagal sin.

*Airteagal 8*
*Sásra um malartuithe cuótaí le haghaidh TACanna le haghaidh foghabhálacha dosheachanta*

1. Chun tabhairt isteach na hoibleagáide gabhálacha a thabhairt i dtír a chur san áireamh agus chun cuótaí le haghaidh foghabhálacha áirithe a chur ar fáil do na Ballstáit nach bhfuil cuóta acu, beidh feidhm ag an sásra um malartuithe cuótaí mar a leagtar amach i míreanna 2 go 5 maidir leis na TACanna a shainaithnítear in Iarscríbhinn IA.

2. Cuirfear 6 % de gach cuóta ó na TACanna le haghaidh troisc sa Mhuir Cheilteach, troisc in Iarthar na hAlban, faoitíní i Muir Éireann agus leathóg bhallach i ranna 7h, 7j agus 7k ICES, agus 3 % de gach cuóta ón TAC le haghaidh fhaoitíní Iarthar na hAlban ar fáil do linn le haghaidh malartuithe cuótaí, a bheidh oscailte ón 1 Eanáir 2022. Beidh rochtain eisiach ag na Ballstáit gan chuóta ar an linn go dtí an 31 Márta 2022.

3. Ní fhéadfar na cainníochtaí arna dtarraingt ón linn a mhalartú nó a aistriú chuig an mbliain dár gcionn. Tar éis an 31 Márta 2022, tabharfar aon chainníocht nár úsáideadh ar ais do na Ballstáit sin a rannchuidigh leis an linn i dtosach.

4. Na Ballstáit nach bhfuil an cuóta acu, tabharfaidh siad cuótaí ar ais le haghaidh na stoc a liostaítear san Aguisín a ghabhann le hIarscríbhinn IA, mura gcomhaontóidh an Ballstát nach bhfuil an cuóta aige agus an Ballstát atá ag rannchuidiú leis an linn a mhalairt.

5. Áiritheofar, ar bhonn ráta malairte margaidh nó rátaí malairte eile atá inghlactha go frithpháirteach go mbeidh luach tráchtála coibhéiseach ag na cuótaí dá dtagraítear i mír 4. In éagmais malairt roghanna, déanfar an luach tráchtála a chinneadh ar bhonn mheánphraghsanna an Aontas ón mbliain roimhe sin, arna soláthar ag Faireachlann an Mhargaidh Eorpaigh um Iascach agus um Tháirgí Dobharshaothraithe.

6. I gcás nach gceadaítear leis an sásra um malartuithe cuótaí a leagtar amach i míreanna 2 go 5 thuas do na Ballstáit a bhfoghabhálacha dosheachanta a chumhdach go feadh méid comhchosúil, déanfaidh na Ballstáit iarracht teacht ar chomhaontú maidir le malartuithe cuótaí de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, agus é á áirithiú acu go mbeidh luach tráchtála coibhéiseach ag na cuótaí a mhalartaítear.

*Airteagal 9*
*Teorainneacha ar iarrachtaí iascaireachta i roinn 7e ICES*

1. Maidir leis an tréimhse dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 1(2), leagtar amach in Iarscríbhinn II gnéithe teicniúla na gceart agus na n-oibleagáidí le haghaidh stoc na sól a bhainistiú i roinn 7e ICES.

2. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, líon breise laethanta ar muir a chionroinnt , de bhreis ar na laethanta dá dtagraítear i bpointe 5 d'Iarscríbhinn II, a bhféadfaidh soitheach a bheith údaraithe ag a Ballstát brataí a bheith i roinn 7e ICES agus trealamh rialáilte á iompar ar bord aici, arna iarraidh sin do Bhallstát, i gcomhréir le pointe 7.4 d'Iarscríbhinn II. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme den sórt sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 52(2).

3. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, trí lá ar a mhéad idir an Dé Máirt 1 Feabhra 2022 agus an Dé Máirt 31 Eanáir 2023 de bhreis ar na laethanta dá dtagraítear i bpointe 5 d'Iarscríbhinn II a chionroinnt ar Bhallstát iarrthach, ar a bhféadfaidh soitheach a bheith i roinn 7e ICES ar bhonn clár feabhsaithe maidir le clúdach breathnóra eolaíoch dá dtagraítear i bpointe 8.1 d'Iarscríbhinn II. Déanfar cionroinnt den sórt sin ar bhonn na tuairisce a chuir an Ballstát sin isteach i gcomhréir le pointe 8.3 d'Iarscríbhinn II agus tar éis dul i gcomhairle le STECF. Glacfaidh an Coimisiún gníomhartha cur chun feidhme den sórt sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 52(2).

*Airteagal 10*
*Bearta maidir le hiascaigh doingean mara Eorpach i roinn 8a agus 8b ICES*

1. Áiritheoidh an Fhrainc agus an Spáinn nach rachaidh básmhaireacht an stoic doingean mara Eorpach i ranna 8a agus 8b ICES óna n-iascach tráchtála agus áineasa os cionn luach phointe $F_{MSY}$, mar a cheanglaítear le hAirteagal 4(3) de Rialachán (AE) 2019/472.

2. In iascach áineasa, lena n-áirítear ón gcladach, i ranna 8a agus 8b ICES, féadfaidh gach iascaire uasmhéid dhá eiseamal de dhoingin mhara Eorpacha a ghabháil agus a

choinneáil in aghaidh an lae. Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le líonta seasmhacha nach n-úsáidfear chun doingin mhara Eorpacha a ghabháil nó a choinneáil.

3. Beidh feidhm ag mír 2 gan dochar do bhearta náisiúnta níos déine maidir leis an iascach áineasa.

*Airteagal 11*
*Forálacha speisialta maidir le comhrannta na ndeiseanna iascaireachta*

1. Beidh cionroinnt na ndeiseanna iascaireachta i measc na mBallstát a leagtar amach sa Rialachán seo, gan dochar do na nithe seo a leanas:

(a) malartuithe de bhun Airteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(b) asbhaintí agus ath-chionrannta de bhun Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

(c) ath-chionrannta de bhun Airteagail 12 agus 47 de Rialachán (AE) Uimh. 2017/2403;

(d) gabhálacha breise a thabharfar i dtír faoi Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 agus Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(e) cainníochtaí arna gcoinneáil siar i gcomhréir le hAirteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 agus Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013;

(f) asbhaintí de bhun Airteagail 105, 106 agus 107 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009;

(g) aistrithe agus malartuithe cuóta de bhun Airteagal 17 den Rialachán seo.

2. Déantar na stoic atá faoi réir TACanna réamhchúraim nó anailíseacha chun críoch bhainistiú bliantúil na TACanna agus na cuótaí dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 847/96 a shainaithint in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

3. Seachas i gcás ina sonraítear a mhalairt in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, beidh feidhm ag Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 maidir le stoic atá faoi réir TAC réamhchúraim, agus beidh feidhm ag Airteagal 3(2), Airteagal 3(3) agus Airteagal 4 den Rialachán sin maidir le stoic atá faoi réir TAC anailíseach.

4. Ní bheidh feidhm ag Airteagail 3 agus 4 de Rialachán (CE) Uimh. 847/96 i gcás ina n-úsáidfidh Ballstát an tsolúbthacht bhliantúil dá bhforáiltear in Airteagal 15(9) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013.

*Airteagal 12*
*Bearta ceartaitheacha do throsc sa Mhuir Thuaidh*

1. Leagtar amach in Iarscríbhinn IV na limistéir atá coiscthe (don iascaireacht) seachas le trealamh peiligeach (peas-saighne agus tráil) agus na tréimhsí a mbeidh feidhm ag na tréimhsí coiscthe lena linn.

2. Soithí a bhíonn ag iascaireacht le tráil ghrinnill agus saighní le mogallmhéid íosta 70 mm i ranna 4a agus 4b ICES nó ar a laghad 90mm i roinn 3a ICES, agus spiléir[24],

---

24 Cóid trealaimh: OTB, OTT, OT, TBN, TBS, TB, TX, PTB, SDN, SSC, SX, LL, LLS.

toirmeascfar iad a bheith ag iascaireacht in uiscí de chuid an Aontais i roinn 4a ICES, lastuaidh de dhomhanleithead 58° 30′ 00″ T agus laisteas de dhomhanleithead 61° 30′ 00″ T agus in uiscí de chuid an Aontais i ranna 3a.20 (Skagerrak), 4a agus 4b ICES, lastuaidh de dhomhanleithead 57° 00′ 00″ T agus lastoir de dhomhanfhad 5° 00′ 00″ O.

3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh soithí iascaireachta dá dtagraítear sa mhír sin iascaireacht a dhéanamh sna limistéir dá dtagraítear sa mhír sin ar choinníoll go gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na critéir seo a leanas:

(a) níl céatadán a ngabhálacha trosc níos mó ná 5 % dá ngabhálacha iomlána in aghaidh an turais iascaireachta. Soithí nár mhó a ngabhálacha trosc ná 5 % dá ngabhálacha iomlána sa tréimhse 2017–2019, glactar leis go gcomhlíonann siad an critéar sin ar choinníoll go leanann siad de bheith ag úsáid an trealaimh chéanna a bhí á úsáid acu le linn na tréimhse sin; D'fhéadfaí an toimhde sin a bhréagnú;

(b) úsáidtear trál grinnill nó saighean rialáilte agus ardroghnaitheach, agus dá bharr sin, de réir staidéar eolaíoch, bíonn laghdú 30 % ar ghabhálacha trosc i gcomparáid le soithí a dhéanann iascaireacht le mogallmhéid íosta do threalamh tarraingthe, mar a shonraítear i bpointe 1.1 de Chuid B d'Iarscríbhinn V de Rialachán (AE) 2019/1241; Féadfaidh STECF meastóireacht a dhéanamh ar na staidéir sin; i gcás ina ndéanfaidh STECF meastóireacht dhiúltach, ní mheasfar na trealaimh sin a bheith bailí a thuilleadh lena n-úsáid sna limistéir dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal sin;

(c) i gcás soithí atá ag oibriú le grinnill nó saighní a bhfuil a mogallmhéid cothrom le 100 mm nó níos mó ná sin (TR1), úsáidtear na trealaimh ardroghnaitheacha seo a leanas:

(i) tráil bhoilg le mogallmhéid boilg íosta 600 mm;

(ii) líne iascaireachta ardaithe (0,6 m);

(iii) painéal deighilte cothrománach ina bhfuil painéal éalaithe mogaill mhóir;

(d) i gcás soithí atá ag oibriú le tráil ghrinnill nó saighní le mogallmhéid atá cothrom le 70 mm nó níos mó ná sin i roinn 4a ICES agus 90mm i roinn 3a ICES agus atá níos lú ná 100 mm (TR2), úsáidtear na trealaimh ardroghnaitheacha seo a leanas:

(i) greille shórtála nach mó ná 50 mm an spás idir na barraí inti lena scartar na leathóga ó na héisc chruinne, agus ina bhfuil sceithbhealach iasc neamhbhlocáilte do na héisc chruinne;

(ii) painéal Seltra le mogallmhéid cearnach 300 mm ann;

(iii) greille shórtála nach mó ná 35 mm an spás idir na barraí inti, agus ina bhfuil sceithbhealach iasc neamhbhlocáilte;

(e) tá soithí faoi réir plean náisiúnta seachanta trosc chun gabhálacha trosc a chothú i gcomhréir leis an mbásmhaireacht san iascaireacht a chomhfhreagraíonn do na deiseanna iascaireachta arna socrú, bunaithe ar leibhéil na comhairle eolaíche, trí bhearta spásúla nó teicniúla, nó meascán den dá chineál birt sin; Déanfar pleananna den sórt sin a mheasúnú tráth nach déanaí ná dhá mhí i ndiaidh a gcur chun feidhme, i gcás na mBallstát, is é STECF a dhéanfaidh measúnú agus i gcás tríú tíortha is é an comhlacht

eolaíoch náisiúnta ábhartha a dhéanfaidh measúnú, agus nuair a mheastar gur gá, ba cheart na pleananna sin a athbhreithniú a thuilleadh, má fhaightear de réir na measúnuithe sin nach gcomhlíonfar cuspóir an phlean.

4. Feabhsóidh na Ballstáit faireachán, rialú agus faireachas ar na soithí dá dtagraítear i mír 2 chun na coinníollacha a shonraítear i bpointí (a) go (e) de mhír 3 a chomhlíonadh.

5. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le hoibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíocha iad agus chun na críche sin amháin, ar choinníoll go ndéanfar na himscrúduithe go hiomlán i gcomhréir le hAirteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241.

*Airteagal 13*
*Bearta ceartaitheacha don trosc in Kattegat*

1. Soithí an Aontais ag iascaireacht in Kattegat le tráil ghrinnill[25] ag a bhfuil mogallmhéid íosta 70 mm ar a laghad, úsáidfidh siad ceann amháin de na fearais roghnaíoch seo a leanas:

(a) greille shórtála nach mó ná 35 mm an spás idir na barraí inti, agus ina bhfuil sceithbhealach iasc neamhbhlocáilte;

(b) greille shórtála nach mó ná 50 mm an spás idir na barraí inti lena scartar na leathóga ó na héisc chruinne, agus ina bhfuil sceithbhealach éisc neamhbhlocáilte do na héisc chruinne;

(c) painéal Seltra le mogallmhéid cearnach 300 mm ann;

(d) trealamh rialáilte, ardroghnaitheach, a mbeidh de thoradh ar a shaintréithe teicniúla, de réir staidéar eolaíoch a rinne STECF, gur troisc é níos lú ná 1,5 % de na gabhálacha, ar choinníoll gurb é an t-aon trealamh é á iompar ag an soitheach.

2. Féadfaidh soithí de chuid an Aontais atá rannpháirteach i dtionscadal a reáchtálann an Ballstát lena mbaineann agus a mbeidh trealamh acu a fheidhmeoidh le haghaidh iascach lándoiciméadaithe, féadfaidh siad trealamh a úsáid i gcomhréir le Cuid B d'Iarscríbhinn V den Rialachán (AE) 2019/1241. Cuirfidh na Ballstát lena mbaineann liosta de shoithí den sórt sin in iúl don Choimisiún.

3. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le hoibríochtaí iascaireachta ar chun críche imscrúduithe eolaíocha iad agus chun na críche sin amháin, ar choinníoll go ndéanfar na himscrúduithe céanna go hiomlán i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 25 de Rialachán (AE) 2019/1241.

*Airteagal 14*
*Speicis atá faoi thoirmeasc*

1. Maidir leis na speicis seo a leanas, ní dhéanfaidh soithí de chuid an Aontais iascaireacht orthu, iad a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú ná a thabhairt i dtír:

(a) an roc réaltach (*Raja radiata*) in uiscí an Aontais i ranna 2a, 3a agus 7d ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES;

[25] Cóid trealaimh: OTB, OTT, OT, TBN, TBS, TB, TX, PTB.

(b) alfainsín taibhseach (*Beryx splendens*) i bhfolimistéar 6 NAFO;

(c) an siorc slogach gainneach duille (*Centrophorus squamosus*) in uiscí an Aontais de roinn 2a ICES agus folimistéar 4 ICES agus in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 1 agus 14 ICES;

(d) an fíogach Portaingéalach (*Centroscymnus coelolepis*) in uiscí an Aontais de roinn 2a ICES agus folimistéar 4 ICES agus in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 1 agus 14 ICES;

(e) an siorc eite eitleoige (*Dalatias licha*) in uiscí an Aontais de roinn 2a ICES agus folimistéar 4 ICES agus in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 1 agus 14 ICES;

(f) an fíogach éansocach (*Deania calcea*) in uiscí an Aontais i roinn 2a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES agus in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta i bhfolimistéir 1 agus 14 ICES;

(g) coimpléasc speicis an sciata choitinn (*Dipturus batis*) (*Dipturus* cf. *flossada* agus *Dipturus* cf. *intermedia*) in uiscí an Aontais i roinn 2a ICES agus i bhfolimistéir 3, 4, 6, 7, 8, 9 agus 10 ICES;

(h) an lóchrannsiorc mór (*Etmopterus princeps*) in uiscí an Aontais i roinn 2a ICES agus d'fholimistéar 4 ICES agus in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta d'fholimistéir 1 agus 14 ICES;

(i) an gearrthóir (*Galeorhinus galeus*) nuair a ghabhtar le spiléir é in uiscí an Aontais i roinn 2a ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES agus in uiscí an Aontais agus uiscí idirnáisiúnta d'fholimistéir 1, 5, 6, 7, 8, 12 agus 14 ICES;

(j) an craosaire (*Lamna nasus*) sna huiscí uile;

(k) an roc gharbh (*Raja clavata*) in uiscí an Aontais i roinn 3a ICES;

(l) an roc dústríoctha (*Raja undulata*) in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 6 agus 10 ICES;

(m) an míolsiorc (*Rhincodon typus*) sna huiscí uile;

(n) an giotáriasc coiteann (*Rhinobatos rhinobatos*) sa Mheánmhuir;

(o) an fíogach gobach (*Squalus acanthias*) in uiscí an Aontais d'fholimistéir 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9 agus 10 ICES, seachas i gcomhthéacs na gclár seachanta mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IA iad;

2. Nuair a ghabhfar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfear go pras iad.

*Airteagal 15*
*Tarchur sonraí*

Nuair a chuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin, de bhun Airteagail 33 agus 34 de Rialachán (CE) Uimh. 1224/2009, sonraí a bhaineann le gabhálacha a thabhairt i dtír agus a bhaineann le hiarracht iascaireachta, úsáidfidh siad na cóid stoic a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo.

## Caibidil II
## Údaruithe iascaireachta in uiscí tríú tíortha

*Airteagal 16*
*Údaruithe iascaireachta*

1. I gcás inarb infheidhme, leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn V an líon uasta údaruithe iascaireachta le haghaidh shoithí iascaireachta an Aontais a dhéanann iascaireacht in uiscí tríú tír.

2. I gcás ina n-aistreoidh Ballstát amháin cuóta chuig Ballstát eile ('malartú') sna limistéir iascaireachta a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo i gcomhréir le hAirteagal 16(8) de Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013, áireofar leis an aistriú sin aistriú iomchuí údaruithe iascaireachta agus tabharfar fógra don Choimisiún faoi. Ní rachfar thar an líon iomlán údaruithe le haghaidh gach limistéir iascaireachta, mar a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn V a ghabhann leis an Rialachán seo.

## Caibidil III
## Deiseanna iascaireachta in uiscí eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh

### Roinn 1
### Forálacha ginearálta

*Airteagal 17*
*Aistrithe agus malartuithe cuótaí*

1. I gcás ina gceadófar le rialacha eagraíochta réigiúnaí bainistithe iascaigh ('ERBI') aistrithe cuótaí nó malartuithe idir na páirtithe conarthacha chuig ERBI, féadfaidh Ballstát ('an Ballstát lena mbaineann') plé a dhéanamh le Páirtí Conarthach in ERBI agus, de réir mar is iomchuí, leagan amach féideartha a bhunú i dtaca le haistriú nó malartú cuótaí atá beartaithe. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún maidir leis an leagan amach.

2. A luaithe a thabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún, féadfaidh an Coimisiún leagan amach an aistrithe nó an mhalartaithe cuótaí atá beartaithe a fhormhuiniú. Cuirfidh an Coimisiún in iúl, gan moill mhíchuí, an toiliú a bheidh le ceangal leis an aistriú cuótaí nó leis an malartú cuótaí sin. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do rúnaíocht ERBI maidir leis an aistriú nó malartú cuótaí i gcomhréir le rialacha ERBI.

3. Cuirfidh an Coimisiún na Ballstáit ar an eolas faoin aistriú cuótaí nó malartú cuótaí arna gcomhaontú.

4. Na deiseanna iascaireachta a gheofar ón bpáirtí conarthach ábhartha san ERBI nó a aistreofar chuige faoin aistriú nó malartú cuótaí, measfar gur cuótaí iad a chionroinnfear ar chionroinnt an Bhallstáit lena mbaineann nó a asbhainfear as an gcionroinnt sin, ón uair a bheidh feidhm leis an aistriú nó an malartú cuótaí i gcomhréir le téarmaí an chomhaontaithe leis an bPáirtí Conarthach san ERBI nó i gcomhréir le rialacha ábhartha an ERBI, de réir mar is iomchuí. Ní dhéanfar leis sin aon dochar don eochair chionranna chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt i

measc na mBallstát i gcomhréir le prionsabal chobhsaíocht choibhneasta na ngníomhaíochtaí iascaireachta.

5. Beidh feidhm ag an Airteagal seo go dtí 31 Eanáir 2023 maidir le haistrithe cuótaí ó pháirtí conarthach in ERBI chuig an Aontas agus a gcionroinnt ina dhiaidh sin ar na Ballstáit.

*[Tabharfar ranna 2-11 thíos cothrom le dáta tar éis chruinnithe ábhartha bliantúla ERBInna]*

## ROINN 2
## LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN NEAFC

*Airteagal 18*

*Tréimhsí coiscthe le haghaidh péirsí mara i Muir Irminger*

Beidh toirmeasc ar gach gníomhaíocht iascaireachta sa limistéar a theorannaítear leis na comhordanáidí seo a leanas arna dtomhas de réir chóras WGS84:

| Domhanleithead | Domhanfhad |
|---|---|
| 63° 00' | - 30° 00' |
| 61° 30' | - 27° 35' |
| 60° 45' | - 28° 45' |
| 62° 00' | - 31° 35' |
| 63° 00' | - 30 °00' |

## ROINN 3
## LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN ICCAT

*Airteagal 19*

*Teorainneacha maidir le hacmhainneacht iascaireachta, feirmeoireachta agus ramhraithe*

1. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 1 d’Iarscríbhinn VI le líon bád baoite agus bád trádála an Aontais a údaraítear chun iascaireacht ghníomhach a dhéanamh ar thuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm go gníomhach san Atlantach thoir.

2. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 2 d’Iarscríbhinn VI le líon soithí iascaireachta mionscála an Aontais a údarófar chun iascaireacht ghníomhach a dhéanamh ar thuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm sa Mheánmhuir.

3. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 3 d’Iarscríbhinn VI leis an líon soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanann iascaireacht ghníomhach ar thuinníní gorma i Muir Aidriad chun críoch feirmeoireachta agus a údarófar chun tuinníní gorma idir 8 kg/75 cm agus 30 kg/115 cm a iascach go gníomhach.

4. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 4 d’Iarscríbhinn VI leis an líon soithí iascaireachta a údarófar chun iascaireacht a dhéanamh ar thuinníní gorma, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a iompar nó a thabhairt i dtír san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

5. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 5 d’Iarscríbhinn VI leis an líon gaistí a úsáidfear in iascach tuinníní gorma an Atlantaigh Thoir agus na Meánmhara.

6. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 6 d'Iarscríbhinn VI leis an acmhainneacht iomlán feirmeoireachta agus ramhraithe tuinníní gorma, agus leis an uas-ionchur tuinníní gorma fiáine a chionroinnfear ar na feirmeacha san Atlantach Thoir agus sa Mheánmhuir.

7. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 7 d'Iarscríbhinn VI a ghabhann leis an Rialachán seo leis an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar chun iascaireacht a dhéanamh ar thuinníní colgacha an tuaiscirt mar spriocspeiceas i gcomhréir le hAirteagal 12 Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle[26].

8. Beidh teorainn mar a leagtar amach i bpointe 8 d'Iarscríbhinn VI leis an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais atá 20 m ar a laghad ar a bhfad agus a bheidh ag déanamh iascaireachta ar thuinníní mórshúileacha i Limistéar Choinbhinsiún ICCAT.

*Airteagal 20*
*Iascach áineasa*

I gcás inarb iomchuí, cionroinnfidh na Ballstáit sciar sonrach óna gcuótaí cionroinnte ar an iascach áineasa, de réir mar a leagtar amach in Iarscríbhinn ID.

*Airteagal 21*
*Siorcanna*

1. Toirmeascfar aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán siorcanna súisteála mórshúileacha (*Alopias superciliosus*) a ghabhfar in aon iascach a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.

2. Toirmeascfar tabhairt faoi iascach spriocdhírithe ar speicis siorcanna súisteála den ghéineas *Alopias*.

3. Toirmeascfar aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán siorcanna ceann casúir de phór *Sphyrnidae* (ach amháin *Sphyrna tiburo*) a ghabhfar san iascach i Limistéar Choinbhinsiún ICCAT a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.

4. Toirmeascfar aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán siorcanna bána aigéanacha (*Carcharhinus longimanus*) a thógfar in aon iascach a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír.

5. Toirmeascfar síodsiorcanna (*Carcharhinus falciformis*) a ghabhfar in iascach ar bith a choinneáil ar bord.

[26] Rialachán (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle an 7 Bealtaine 2007 lena leagtar síos bearta teicniúla chun stoic áirithe de speicis mhór-imirceacha a chaomhnú agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 973/2001 (IO L 123, 12.5.2007, lch. 3).

## Roinn 4
## Limistéar Choinbhinsiún CCAMLR

*Airteagal 22*
*Fógraí maidir leis an iascach taiscéalaíoch le haghaidh déadéisc*

Féadfaidh na Ballstáit a bheith rannpháirteach in iascach spiléireachta taiscéalaíoch ar an déadiasc (*Dissostichus* spp.*)* i bhfolimistéir FAO 88.1 agus 88.2 agus i ranna 58.4.1, 58.4.2 agus 58.4.3a lasmuigh de limistéir faoi dhlínse náisiúnta in 2022. Na Ballstáit a bhfuil rún acu déanamh amhlaidh, tabharfaidh siad fógra do Rúnaíocht CCAMLR i gcomhréir le hAirteagal 7 agus Airteagal 7a de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 agus tráth nach déanaí ná an 1 Meitheamh 2022.

*Airteagal 23*
*Teorainneacha ar iascach taiscéalaíoch ar dhéadéisc*

1. Beidh iascaireacht ar dhéadéisc le linn thréimhse iascaireachta 2021-2022 teoranta do na Ballstáit, do na folimistéir agus don líon soithí a leagtar amach i dTábla A in Iarscríbhinn VII don speiceas, do TACanna agus do na teorainneacha foghabhála a leagtar amach i dTábla B san Iarscríbhinn sin.

2. Toirmeascfar iascaireacht dhíreach a dhéanamh ar speicis siorcanna chun críoch eile seachas taighde eolaíoch. Scaoilfear saor ina mbeatha aon fhoghabháil siorcanna, go háirithe siorcanna óga agus baineannaigh thorracha, a ghabhfar de thaisme san iascach déadéisc.

3. I gcás inarb infheidhme, scoirfear den iascaireacht in aon aonad taighde ar mhionscála (SSRU) nuair a shroichfidh an ghabháil arna tuairisciú an TAC sonraithe, agus beidh SSRU dúnta don iascaireacht le haghaidh na coda eile den séasúr.

4. Déanfar an iascaireacht ar fud an raoin gheografaigh agus bhataiméadraigh is mó is féidir chun an fhaisnéis is gá a fháil chun an acmhainneacht iascaigh a chinneadh agus chun ró-chomhchruinniú gabhálacha agus iarrachta iascaireachta a sheachaint. Toirmeascfar iascaireacht a dhéanamh, áfach, in áiteanna i bhfolimistéir 88.1 agus 88.2 FAO agus i ranna 58.4.1, 58.4.2 agus 58.4.3a FAO, i gcás ina gceadófar sin faoi Airteagal 22 i ndoimhneachtaí is lú ná 550 méadar.

*Airteagal 24*
*Iascach crilleanna le linn shéasúr iascaireachta 2021-2022*

1. Na Ballstáit a bhfuil sé beartaithe acu iascaireacht a dhéanamh ar chrilleanna (*Euphausia superba*) i Limistéar Choinbhinsiún CCAMLR le linn shéasúr iascaireachta 2021-2022, tabharfaidh siad fógra maidir leis sin don Choimisiún, tráth nach déanaí ná an 1 Bealtaine 2022, agus úsáid á baint acu as an bhformáid a leagtar síos i gCuid B den Aguisín a ghabhann le hIarscríbhinn VII. Ar bhonn na faisnéise arna soláthar ag na Ballstáit, cuirfidh an Coimisiún na fógraí faoi bhráid Rúnaíocht CCAMLR tráth nach déanaí ná an 30 Bealtaine 2022.

2. Áireofar leis an bhfógra ó na Ballstáit dá dtagraítear i mír 1 an fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004 lena n-údarófar gach soitheach chun bheith rannpháirteach san iascach crilleanna.

3. Maidir le Ballstát a bhfuil rún aige iascaireacht a dhéanamh ar chrilleanna i Limistéar Choinbhinsiún CCAMLR, ní thabharfaidh sé fógra faoin rún sin ach i leith soithí údaraithe a chomhlíonann ceachtar den dá ní seo a leanas:

(a) a mbeidh a bhratach ar foluain acu tráth an fhógra;

(b) nó a mbeidh bratach comhalta eile de CCAMLR ar foluain acu agus a mbeifí ag súil, tráth a tharlóidh an t-iascach, go mbeadh bratach an Bhallstáit sin ar foluain acu.

4. I gcás ina gcoiscfear ar shoitheach údaraithe, faoi mar a tugadh fógra faoi do Rúnaíocht CCAMLR i gcomhréir le míreanna 1, 2 agus 3 den Airteagal seo, a bheith rannpháirteach in iascach crilleanna de bharr cúiseanna dlisteanacha oibríochtúla nó de bharr *force majeure*, beidh an Ballstát lena mbaineann i dteideal soitheach ionadaíoch eile a údarú chun bheith rannpháirteach san iascach sin. In imthosca den sórt sin, déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann Rúnaíocht CCAMLR agus an Coimisiún a chur ar an eolas láithreach agus soláthróidh siad an méid seo a leanas:

(a) sonraí iomlána an tsoithigh (na soithí) ionaid atá beartaithe, lena n-áirítear an fhaisnéis dá bhforáiltear in Airteagal 3 de Rialachán (CE) Uimh. 601/2004;

(b) cuntas cuimsitheach ar na cúiseanna lena bhfírinnítear an t-ionadú agus aon fhianaise thacaíochta nó tagairtí ábhartha.

5. Ní údaróidh Ballstáit do shoitheach atá ar liosta CCAMLR de shoithí neamhdhleathacha, neamhthuairiscithe agus neamhrialáilte (NNN) a bheith rannpháirteach in iascach crilleanna.

## ROINN 5
## LIMISTÉAR INNIÚLACHTA IOTC

*Airteagal 25*
*Acmhainneacht iascaireachta soithí a dhéanann iascaireacht i Limistéar Inniúlachta IOTC a theorannú*

1. Is mar a leagtar amach i bpointe 1 d'Iarscríbhinn VIII a bheidh an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanfaidh iascaireacht ar thuinníní trópaiceacha i Limistéar Inniúlachta IOTC agus an acmhainneacht chomhfhreagrach in olltonnáiste.

2. Is mar a leagtar amach i bpointe 2 d'Iarscríbhinn VIII a bheidh an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a dhéanfaidh iascaireacht ar cholgáin (*Xiphias gladius*) agus ar thuinníní colgacha (*Thunnus alalunga*) i Limistéar Inniúlachta IOTC agus an acmhainneacht chomhfhreagrach in olltonnáiste.

3. Féadfaidh na Ballstáit soithí a sannadh do cheann amháin de na hiascaigh dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 a ath-chionroinnt ar an iascach eile, ar choinníoll gur féidir leo a léiriú don Choimisiún nach dtiocfaidh méadú as an sannadh sin ar an iarracht iascaireachta i ndáil leis na stoic éisc atá i gceist.

4. Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina mbeartófar acmhainneacht a aistriú chuig cabhlach an Bhallstáit, go mbeidh na soithí atá le haistriú ar chlár soithí údaraithe IOTC nó ar chlár soithí ERBInna eile tuinníní. Ní fhéadfar aon soitheach a aistriú a bheidh ar liosta aon ERBI de shoithí a bhí rannpháirteach i ngníomhaíochtaí iascaireachta NNN.

5. Ní fhéadfaidh na Ballstáit a n-acmhainneacht iascaireachta a mhéadú os cionn na n-uasteorainneacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 ach laistigh de na huasteorainneacha a leagtar amach sna pleananna forbartha a cuireadh faoi bhráid IOTC.

*Airteagal 26*
*Sruthfheistí um chomhbhailiú éisc (FADanna) agus soithí soláthair*

1. Beidh sruthfheistí um chomhbhailiú éisc (FADanna) feistithe le baoithe gléasta. Beidh cosc ar aon bhaoi eile, amhail baoithe raidió, a úsáid.

2. Ní leanfaidh soitheach peas-saighne níos mó ná 300 baoi oibríochtúil ag aon tráth amháin.

3. Gheofar 500 baoi gléasta ar a mhéad ar bhonn bliantúil le haghaidh gach soithigh peas-saighne. Ní bheidh níos mó ná 500 baoi gléasta ag aon soitheach peas-saighne (idir bhaoithe atá sa stoc agus bhaoithe oibríochtúla) tráth ar bith.

4. Ní bheidh níos mó ná dhá shoitheach soláthair mar thaca le líon nach lú ná cúig shoitheach peas-saighne, agus bratach Bhallstáit ar foluain acu uile. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo maidir leis na Ballstáit nach mbainfidh úsáid ach as an aon soitheach soláthair amháin.

5. Ní bheidh níos mó ná aon soitheach soláthair amháin, ar a mbeidh bratach Bhallstáit ar foluain tráth ar bith, mar thaca ag soitheach peas-saighne.

6. Ní chláróidh an tAontas soithí soláthair nua nó breise i gclár soithí údaraithe IOTC.

*Airteagal 27*
*Siorcanna*

1. Toirmeascfar aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán siorcanna súisteála de gach speiceas d'fhine Alopiidae a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír in aon iascach.

2. Toirmeascfar aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán siorcanna bána aigéanacha (*Carcharhinus longimanus*) a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír in aon iascach, ach amháin i gcás soithí atá níos lú ná 24 m ar a bhfad iomlán agus nach mbeidh ach ag gabháil d'iascaireacht i limistéar eacnamaíoch eisiach (EEZ) an Bhallstáit sin a mbeidh a bhratach ar foluain acu, ar choinníoll gur caitheamh áitiúil amháin a bheidh beartaithe dá ngabháil.

3. Nuair a ghabhfar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfear go pras iad.

*Airteagal 28*
*Roic de chineál Mobulidae*

1. Ní dhéanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais iascaireacht ar aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán roc de chineál Mobulidae (de chineál *Mobulidae*, lena n-áirítear na géinis *Manta* agus *Mobula*), a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a stóráil, a chur ar díol, nó a dhíol, seachas i gcás inarb iad teaghlaigh na n-iascairí a chaithfidh na héisc go díreach ('iascach leorchothaitheach').

De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ní fhéadfaí roic de chineál Mobulidae a ghabhfar go neamhintinneach trí iascaireacht ar mionscála, trí iascach le peas-saighne, cuaille

agus líne, líonta gheolbhaigh, líne láimhe agus soithí trádála a úsáid agus arna gclárú i gclár na soithí údaraithe de chuid IOTC lena gcaitheamh go háitiúil.

2. Déanfaidh gach soitheach iascaireachta, seachas iad siúd a bhíonn ag gabháil le hiascaireacht leorchothaitheach, roc de chineál Mobulidae, a scaoileadh go pras, ina mbeatha, agus gan ghortú, a mhéid is féidir, a luaithe a fheicfear sa líon, ar an duán, nó ar an deic iad; ar bhealach a ndéanfar a laghad díobháil is féidir do na speicis a bheidh i gceist.

## ROINN 6
## LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN SPRFMO

*Airteagal 29*
*Iascach peiligeach*

1. Ní fhéadfaidh ach na Ballstáit sin a d'fheidhmigh gníomhaíochtaí iascaigh peiligeach go gníomhach i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO in 2007, 2008 nó 2009 iascaireacht a dhéanamh ar stoic pheiligeacha sa limistéar sin i gcomhréir leis na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn IH.

2. Déanfaidh na Ballstáit dá dtagraítear i mír 1 olltonnáiste foriomlán na soithí a mbeidh a mbratach ar foluain acu agus a dhéanfaidh iascaireacht ar stoic pheiligeacha in 2022 a theorannú go dtí leibhéal iomlán olltonnáiste an Aontais sa limistéar sin, eadhon 78 600.

3. Ní fhéadfaidh na Ballstáit a bheidh i gceist na deiseanna iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn IH a úsáid ach ar choinníoll go seolfaidh siad an fhaisnéis seo a leanas chuig an gCoimisiún ar a dhéanaí faoin 5ú lá den mhí ina dhiaidh sin, ionas go bhféadfaidh an Coimisiún an fhaisnéis sin a chur in iúl do Rúnaíocht SPRFMO:

   (a) liosta de na soithí a dhéanann iascaireacht ghníomhach nó a bhíonn ag gabháil do thrasloingsiú i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO;

   (b) taifid ó na córais faireacháin soithí;

   (c) tuarascálacha míosúla maidir le gabhálacha;

   (d) i gcás ina mbeidh siad ar fáil, taifid ar chuairteanna ar chalafoirt.

*Airteagal 30*
*Iascach grinnill*

1. Teorannóidh na Ballstáit a ngabhálacha ó iascaireacht ghrinnill nó a n-iarracht iascaireachta grinnill in 2022 i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO do na codanna sin ina ndearnadh iascaireacht ghrinnill idir an 1 Eanáir 2002 agus an 31 Nollaig 2006 agus do mheánleibhéil bhliantúla na ngabhálacha nó meánleibhéil bhliantúla na bparaiméadar iarrachta sa tréimhse sin ('taifead teiste'). Féadfaidh siad iascaireacht a dhéanamh de bhreis ar an taifead teiste i gcás ina bhformhuineoidh SPRFMO a bplean sin a dhéanamh.

2. Maidir leis na Ballstáit atá gan taifead teiste de ghabhálacha ó iascaireacht ghrinnill nó iarracht iascaireachta grinnill i Limistéar Choinbhinsiún SPRFMO idir an 1 Eanáir 2002 agus an 31 Nollaig 2006, ní dhéanfaidh siad aon iascaireacht ann mura bhformhuineoidh SPRFMO a bplean iascaireacht a dhéanamh gan taifead teiste.

*Airteagal 31*
*Iascach taiscéalaíoch*

1. Ní fhéadfaidh na Ballstáit a bheith rannpháirteach in iascach spiléireachta taiscéalaíoch ar dhéadéisc (*Dissostichus* spp.) i limistéar Choinbhinsiún SPRFMO in 2022 ach i gcás inar fhormhuinigh SPRFMO a n-iarratas ar an iascach sin lena n-áireofar plean oibríochta iascaigh agus gealltanas plean maidir le bailiú sonraí a chur chun feidhme.

2. Ní dhéanfar iascaireacht ach sna bloic thaighde a shonróidh SPRFMO. Toirmeascfar iascaireacht a dhéanamh i ndoimhneachtaí is lú ná 750 m agus is mó ná 2 000 m.

3. Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IH atá an TAC. Beidh an iascaireacht teoranta d'aon turas amháin nach faide ná 21 lá as a chéile, agus do líon uasta 5 000 duán in aghaidh an tacair, agus líon nach mó ná 20 tacar in aghaidh an bhloic taighde. Scoirfear den iascaireacht nuair a shroichfear an TAC nó nuair a chuirfear nó a tharlófar 100 tacar, cibé acu is túisce.

## ROINN 7
## LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN IATTC

*Airteagal 32*
*Iascach peas-saighne*

1. Ní dhéanfaidh soithí peas-saighne iascaireacht ar thuinníní buí (*Thunnus albacares*), tuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*) agus tuinníní aigéanacha (*Katsuwonus pelamis*) le linn ceann de na tréimhsí coiscthe sna limistéir a shonraítear:

   (a) ó 00:00 uair an chloig an 29 Iúil 2022 go dtí 24:00 uair an chloig an 8 Deireadh Fómhair 2022 nó ó 00:00 uair an chloig an 9 Samhain 2022 go dtí 24:00 uair an chloig an 19 Eanáir 2023 sa limistéar a shainítear leis na teorainneacha seo a leanas:

   – imeallbhoird an Aigéin Chiúin de Chríocha Mheiriceá,

   – domhanfhad 150°I;

   – domhanleithead 40°T;

   – domhanleithead 40°D;

   (b) ó 00:00 uair an chloig an 9 Deireadh Fómhair 2022 go dtí 24:00 uair an chloig an 8 Samhain 2022 sa limistéar a shainítear leis na teorainneacha seo a leanas:

   – domhanfhad 96°I;

   – domhanfhad 110°I;

   – domhanleithead 4°T;

   – domhanleithead 3°D.

2. Tabharfaidh an Ballstát brataí fógra don Choimisiún roimh an 1 Aibreán 2022 maidir leis an tréimhse choiscthe roghnaithe dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 i dtaca le gach ceann de na soithí i gceist.

3. Soithí peas-saighne a bheidh ag déanamh iascaireachta ar thuinníní i Limistéar Choinbhinsiún IATTC, coinneoidh siad ar bord gach tuinnín buí, gach tuinnín mórshúileach agus gach tuinnín aigéanach a ghabhfaidh siad agus, ina dhiaidh sin, déanfaidh siad iad a thabhairt i dtír nó a thrasloingsiú.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 3 maidir leis an méid seo a leanas:

(a) i gcás ina measfar go bhfuil an t-iasc mí-oiriúnach lena chaitheamh ag an duine ar chúiseanna eile seachas méid;

(b) le linn an tacair dheiridh de thuras, i gcás nach mbeidh dóthain spáis sa pholl taosctha do na tuinníní uile a gabhadh sa tacar sin.

*Airteagal 33*
*Sruthfheistí um chomhbhailiú éisc (FADanna)*

1. Ní bheidh níos mó ná 450 feiste um chomhbhailiú éisc gníomhach in úsáid ag aon am amháin ag soitheach peas-saighne i Limistéar Choinbhinsiún IATTC. Measfar FAD a bheith gníomhach nuair a dhéanfar é a imlonnú ar muir, nuair a thosóidh sé ag tarchur a shuímh, agus nuair a bheidh sé á rianú ag an soitheach, ag a úinéir nó ag a oibreoir. Ní dhéanfar FAD a ghníomhachtú ach amháin ar bhord soithigh peas-saighne.

2. Le linn na 15 lá roimh thús na tréimhse coiscthe roghnaithe dá dtagraítear i bpointe (a) d'Airteagal 29(1), déanfaidh soitheach peas-saighne an méid seo a leanas i Limistéar Choinbhinsiún IATTC:

(a) staonadh ó FADanna a imscaradh;

(b) an líon céanna FADanna agus a rinne sé a imscaradh sa chéad dul síos.

3. Déanfaidh na Ballstáit faisnéis laethúil a thuairisciú ar bhonn míosúil don Choimisiún faoi na FADanna gníomhacha uile mar a éileoidh IATTC. Tíolacfar na tuarascálacha tráth nach luaithe ná 60 lá ach nach faide ná 75 lá tar éis dheireadh na míosa tuairiscithe. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis chuig Rúnaíocht IATTC gan mhoill.

*Airteagal 34*
*Teorainneacha gabhála le haghaidh tuinníní mórshúileacha in iascach spiléireachta*

Leagtar amach in Iarscríbhinn IL na gabhálacha bliantúla iomlána le haghaidh tuinníní mórshúileacha ag soithí spiléireachta gach Ballstáit i limistéar Choinbhinsiún IATTC.

*Airteagal 35*
*Toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh ar shiorcanna bána aigéanacha*

1. Toirmeascfar iascaireacht a dhéanamh ar shiorcanna bána aigéanacha (*Carcharhinus longimanus*) i Limistéar Choinbhinsiún IATTC, agus aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán siorcanna bána aigéanacha sa limistéar sin a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a stóráil, a chur ar díol nó a dhíol.

2. Nuair a ghabhfar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfidh na hoibreoirí soithigh go pras iad.

3. Déanfaidh na hoibreoirí soithigh an méid seo a leanas:

(a) déanfaidh siad an líon scaoiltí a thaifeadadh agus tabharfaidh siad léiriú ar a stádas (marbh nó beo);

(b) tuairisceoidh siad an fhaisnéis i bpointe (a) don Bhallstát dar náisiúnaithe iad. Cuirfidh na Ballstáit an fhaisnéis a bailíodh le linn na bliana roimhe sin chuig an gCoimisiún faoin 31 Eanáir.

*Airteagal 36*

*Toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh ar roic de chineál Mobulidae*

Ní dhéanfaidh soithí iascaireachta de chuid an Aontais i Limistéar Choinbhinsiún IATTC iascaireacht ar aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán roc de chineál *Mobulidae* (de chineál *Mobulidae*, lena n-áirítear na géinis *Manta* agus *Mobula*), a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú, a thabhairt i dtír, a stóráil, a chur ar díol, nó a dhíol. A luaithe a thabharfaidh siad faoi deara gur gabhadh roic de chineál Mobulidae, scaoilfidh siad go pras iad, i gcás inar féidir, agus iad beo agus gan ghortú.

## ROINN 8
## LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN SEAFO

*Airteagal 37*

*Toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh ar shiorcanna domhainfharraige*

Toirmeascfar iascaireacht dhírithe a dhéanamh ar na siorcanna domhainfharraige seo a leanas i limistéar Choinbhinsiún SEAFO:

(a) an catsúileach taibhsiúil (*Apristurus manis*);

(b) an lóchrannsiorc mín geamhach (*Etmopterus bigelowi*);

(c) an lóchrannsiorc earrghearra (*Etmopterus brachyurus*);

(d) an lóchrannsiorc mór (*Etmopterus princeps*);

(e) an lóchrannsiorc mín (*Etmopterus pusillus*);

(f) roic (*Rajidae*);

(g) an fíogach slim (*Scymnodon squamulosus*);

(h) siorcanna domhainfharraige den sárord *Selachimorpha*;

(i) an fíogach gobach (*Squalus acanthias*).

## ROINN 9
## LIMISTÉAR CHOINBHINSIÚN WCPFC

*Airteagal 38*
*Coinníollacha maidir le hiascach tuinníní mórshúileacha, tuinníní buí, tuinníní aigéanacha agus thuinníní colgacha an Aigéin Chiúin*

1. Áiritheoidh na Ballstáit nach mó ná 403 an líon laethanta iascaireachta a chionroinnfear ar shoithí peas-saighne a dhéanfaidh iascaireacht ar thuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*), tuinníní buí (*Thunnus albacares*) agus tuinníní aigéanacha (*Katsuwonus pelamis*) sa chuid sin de Limistéar Choinbhinsiún WCPFC atá ar an mórmhuir idir 20° T agus 20° D.

2. Ní dhíreoidh soithí iascaireachta an Aontais ar thuinníní colgacha an Aigéin Chiúin (*Thunnus alalunga*) i limistéar Choinbhinsiún WCPFC laisteas de 20° D.

3. Áiritheoidh na Ballstáit nach sáróidh gabhálacha tuinníní mórshúileacha (*Thunnus obesus*) ag soithí spiléireachta in 2022 na teorainneacha a leagtar amach sa tábla in Iarscríbhinn IG.

*Airteagal 39*
*Bainistíocht na hiascaireachta le FADanna*

1. Sa chuid sin de Limistéar Choinbhinsiún WCPFC idir 20° T agus 20° D, ní dhéanfaidh soithí peas-saighne FADanna a imlonnú, a sheirbhísiú nó eangacha a chur orthu idir 00:00 uair an chloig an 1 Iúil 2022 agus 24:00 uair an chloig an 30 Meán Fómhair 2022.

2. I dteannta an toirmisc i mír 1, toirmeascfar eangacha ar FADanna a chur ar mórmhuir i Limistéar Choinbhinsiún WCPFC idir 20° T agus 20° D ar feadh dhá mhí eile, ó 00:00 uair an chloig an 1 Aibreán 2022 go 24:00 uair an chloig an 31 Bealtaine 2022, nó ó 00:00 uair an chloig an 1 Samhain 2022 go 24:00 uair an chloig an 31 Nollaig 2022.

3. Ní bheidh feidhm ag mír 2 sna cásanna seo a leanas:
   (a) sa tacar deiridh de thuras, mura mbeidh dóthain spáis sa pholl taosctha do na héisc uile;
   (b) i gcás ina mbeidh an t-iasc mí-oiriúnach lena chaitheamh ag an duine ar chúiseanna eile seachas méid;
   (c) i gcás mór-mhífheidhmiú trealaimh reoiteora.

4. Áiritheoidh gach Ballstát nach mó ná 350 an líon FADanna a mbeidh baoithe gléasta gníomhachtaithe acu a dhéanfaidh soithí peas-saighne a imlonnú ar muir ag aon am amháin. Ní dhéanfar na baoithe a ghníomhachtú ach amháin ar bord soithigh.

5. Gach soitheach peas-saighne a dhéanann iascaireacht sa chuid sin de Limistéar Choinbhinsiún WCPFC dá dtagraítear i mír 1, coinneoidh siad ar bord, trasloingseoidh siad nó tabharfaidh siad i dtír gach tuinnín mórshúileach, gach tuinnín buí agus gach tuinnín aigéanach a ghabhfaidh siad.

*Airteagal 40*

*An líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar chun iascaireacht a dhéanamh ar cholgáin*

Is mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IX a bheidh an líon uasta soithí iascaireachta de chuid an Aontais a údarófar chun iascaireacht a dhéanamh ar cholgáin (*Xiphias gladius*) i limistéir laisteas de 20° D i Limistéar Choinbhinsiún WCPFC.

*Airteagal 41*

*Teorainneacha gabhála le haghaidh colgáin in iascach spiléireachta laisteas de 20 D*

Áiritheoidh na Ballstáit nach rachaidh na gabhálacha colgán (*Xiphias gladius*) laisteas de 20 D ag soithí spiléireachta in 2022 thar an teorainn a leagtar amach in Iarscríbhinn IG. Áiritheoidh siad freisin nach n-aistreofar an iarracht iascaireachta le haghaidh colgán chuig an limistéar atá lastuaidh de 20°D dá bharr sin.

*Airteagal 42*

*Síodsiorcanna agus siorcanna bána aigéanacha*

1. Toirmeascfar aon pháirt de chonablach nó conablach iomlán na speiceas seo a leanas a choinneáil ar bord, a thabhairt i dtír, a thrasloingsiú nó a stóráil i Limistéar Choinbhinsiún WCPFC:

   (a) síodsiorcanna (*Carcharhinus falciformis*);

   (b) siorcanna bána aigéanacha (*Carcharhinus longimanus)*.

2. Nuair a ghabhfar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfear go pras iad.

*Airteagal 43*

*An limistéar forluí idir IATTC agus Limistéir Choinbhinsiún WCPFC*

1. Na soithí sin nach liostaítear ach ar chlár WCPFC, cuirfidh siad i bhfeidhm na bearta a leagtar amach sa Roinn seo nuair a bheidh siad ag déanamh iascaireachta sa limistéar forluí idir Limistéir Choinbhinisiún IATTC agus WCPFC.

2. Maidir leis na soithí sin a liostaítear ar chlár WCPFC agus ar chlár IATTC araon chomh maith leis na soithí sin nach liostaítear ach ar chlár IATTC, cuirfidh siad i bhfeidhm na bearta a leagtar amach in Airteagal 38(1), pointe (a), Airteagal 32(2), (3) agus (4) agus Airteagail 33, 34 agus 35 nuair a bheidh siad ag déanamh iascaireachta sa limistéar forluí idir Limistéir Choinbhinsiún IATTC agus WCPFC.

## ROINN 10
## MUIR BHEIRING

*Airteagal 44*

*Toirmeasc ar iascaireacht a dhéanamh ar mhórmhuir Mhuir Bheiring*

Toirmeascfar mangaigh (*Gadus chalcogrammus*) a iascach ar mhórmhuir Mhuir Bheiring.

## ROINN 11
## LIMISTÉAR CHOMHAONTÚ SIOFA

*Airteagal 45*
*Teorainneacha le hiascaireacht ghrinnill*

Áiritheoidh na Ballstáit, maidir le soithí a bhfuil a mbratach ar foluain acu a bheidh ag iascaireacht i Limistéar Chomhaontú SIOFA:

(a) go mbeidh sa n-iarracht iascaireachta grinnill bhliantúil agus a ngabhálacha ó iascaireacht ghrinnill, ionas nach sárófar an meánleibhéal bliantúil a bhí acu thar thréimhse ionadaíoch ina raibh siad gníomhach sa limistéar sin agus thar thréimhse ionadaíoch a bhfuil sonraí atá fógartha don Choimisiún ann lena haghaidh;

(b) nach méadóidh siad dáileadh spásúil a n-iarrachta iascaireachta grinnill, iarracht nach n-áirítear léi modhanna spiléireachta agus gaiste, thar limistéir ina ndearnadh iascaireacht le blianta beaga anuas;

(c) nach n-údarófar dóibh a bheith ag iascaireacht i limistéir Atlantis Bank, Coral, Fools Flat, Middle of What, ná Walter's Shoal, ar limistéir iad atá faoi chosaint eatramhach, mar a shainítear in Iarscríbhinn IK, seachas más modhanna spiléireachta agus gaiste a úsáidfidh siad agus ar an gcoinníoll breathnóir eolaíoch a bheith ar bord acu i gcónaí le linn dóibh a bheith ag iascaireacht sna limistéir sin.

# TEIDEAL III
# DEISEANNA IASCAIREACHTA LE hAGHAIDH SOITHÍ TRÍÚ TÍR IN UISCÍ AN AONTAIS

*Airteagal 46*
*Soithí iascaireachta a bhfuil bratach na hIorua ar foluain acu agus soithí iascaireachta a bheidh cláraithe in Oileáin Fharó*

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach na hIorua ar foluain acu agus soithí iascaireachta atá cláraithe in Oileáin Fharó, féadfar a údarú dóibh iascaireacht a dhéanamh in uiscí an Aontais laistigh de na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus i dTeideal III de Rialachán (AE) 2017/2403.

*Airteagal 47*
*Soithí iascaireachta a bhfuil bratach na Ríochta Aontaithe ar foluain acu, atá cláraithe sa Ríocht Aontaithe agus a cheadúnaíonn riarachán iascaigh de chuid na Ríochta Aontaithe*

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach na Ríochta Aontaithe ar foluain acu, atá cláraithe sa Ríocht Aontaithe agus a cheadúnaíonn riarachán iascaigh de chuid na Ríochta Aontaithe, féadfar iad a údarú iascaireacht a dhéanamh in uiscí an Aontais laistigh de na TACanna a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo, faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus i Rialachán (AE) 2017/2403.

*Airteagal 47a*

*Aistrithe cuótaí nó malartuithe cuótaí leis an Ríocht Aontaithe*

(2) Déanfar aon aistriú cuótaí nó malartú cuótaí idir an tAontas agus an Ríocht Aontaithe i gcomhréir le míreanna 2 go 4.

(3) Aon Bhallstát a bhfuil sé beartaithe aige cuótaí a aistriú nó a mhalartú leis an Ríocht Aontaithe, féadfaidh sé achoimre ar an aistriú cuótaí nó ar an malartú cuótaí a phlé leis an Ríocht Aontaithe. Tabharfaidh an Ballstát lena mbaineann fógra don Choimisiún maidir leis an leagan amach.

(4) I gcás ina bhformhuiníonn an Coimisiún imlíne an aistrithe cuótaí nó an mhalartaithe cuótaí dá dtagraítear i mír 2 ar thug an Ballstát lena mbaineann fógra ina leith, cuirfidh an Coimisiún in iúl, gan moill mhíchuí, an toiliú a bheidh le ceangal leis an aistriú cuótaí nó leis an malartú cuótaí sin. Cuirfidh an Coimisiún an Ríocht Aontaithe agus na Ballstáit ar an eolas faoin aistriú cuótaí nó faoin malartú cuótaí a comhaontaíodh.

(5) Maidir leis an gcuóta a fhaightear ón Ríocht Aontaithe nó a aistrítear chuici faoin aistriú cuótaí nó faoin malartú cuótaí a comhaontaíodh, measfar é a bheith ina chuóta arna chionroinnt ar chearta an Bhallstáit lena mbaineann nó arna asbhaint ó na cearta sin, ón nóiméad a thugtar fógra maidir leis an aistriú cuótaí nó leis an malartú cuótaí i gcomhréir le mír 3. Leis na malartuithe sin ní dhéanfar aon dochar don eochair chionranna chun deiseanna iascaireachta a chionroinnt i measc na mBallstát i gcomhréir le prionsabal chobhsaíocht choibhneasta na ngníomhaíochtaí iascaireachta.

*Airteagal 48*

*Soithí iascaireachta a bhfuil bratach Veiniséala ar foluain acu*

Soithí iascaireachta a bhfuil bratach Veiniséala ar foluain acu, beidh siad faoi réir na gcoinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo agus i dTeideal III de Rialachán (AE) 2017/2403.

*Airteagal 49*

*Údaruithe iascaireachta*

Is mar a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn V a bheidh an líon uasta údaruithe iascaireachta le haghaidh soithí tríú tír a dhéanfaidh iascaireacht in uiscí an Aontais.

*Airteagal 50*

*Coinníollacha maidir le gabhálacha agus foghabhálacha a thabhairt i dtír*

Beidh feidhm ag na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 7 maidir leis na gabhálacha agus na foghabhálacha a dhéanfaidh soithí tríú tír faoi na húdaruithe dá dtagraítear in Airteagal 49.

*Airteagal 51*

*Speicis atá faoi thoirmeasc*

1. Toirmeascfar ar shoithí tríú tír iascaireacht a dhéanamh ar na speicis seo leanas, a choinneáil ar bord, a thrasloingsiú nó a thabhairt i dtír i gcás ina ngeofar in uiscí an Aontais iad:

(a) an roc réaltach (*Raja radiata*) in uiscí an Aontais de ranna 2a, 3a agus 7d ICES agus i bhfolimistéar 4 ICES;

(b) coimpléasc speicis an sciata choitinn (*Dipturus batis*) (*Dipturus* cf. *flossada* agus *Dipturus* cf. *intermedia*) in uiscí an Aontais i roinn 2a ICES agus i bhfolimistéir 3, 4, 6, 7, 8, 9 agus 10 ICES;

(c) an gearrthóir (*Galeorhinus galeus*) nuair a ghabhfar le spiléir é in uiscí an Aontais de roinn 2a ICES agus in uiscí an Aontais d'fholimistéir 1, 4, 5, 6, 7, 8, 12 agus 14 ICES;

(d) an siorc eite eitleoige (*Dalatias licha*), an fíogach éansocach (*Deania calcea*), an siorc slogach gainneach duille (*Centrophorus squamosus*), an lóchrannsiorc mór (Etmopterus princeps) agus an fíogach Portaingéalach (*Centroscymnus coelolepis*) in uiscí an Aontais i roinn 2a ICES agus i bhfolimistéir 1, 4, agus 14 ICES;

(e) an craosaire (*Lamna nasus*) in uiscí an Aontais;

(f) an roc gharbh (*Raja clavata*) in uiscí an Aontais de roinn 3a ICES;

(g) an roc dústríoctha (*Raja undulata*) in uiscí an Aontais d'fholimistéir 6, 9 agus 10 ICES;

(h) an giotáriasc coiteann (*Rhinobatos rhinobatos*) sa Mheánmhuir;

(i) an míolsiorc (*Rhincodon typus*) sna huiscí uile;

(j) an fíogach gobach (*Squalus acanthias*) in uiscí an Aontais i bhfolimistéir 2, 3, 4, 5, 6, 7, 8, 9, agus 10 ICES.

2. Nuair a ghabhfar de thaisme eiseamail de na speicis dá dtagraítear i mír 1, ní dhéanfar aon dochar dóibh agus scaoilfear go pras iad

## TEIDEAL IV
## FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

*Airteagal 52*
*Nós imeachta coiste*

1. Déanfaidh an Coiste um Iascach agus Dobharshaothrú a bunaíodh le Rialachán (AE) Uimh. 1380/2013 cúnamh a thabhairt don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

2. I gcás ina ndéanfar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.

*Airteagal 53*
*Foráil idirthréimhseach*

Leanfaidh Airteagail 10, 12, 13, 14, 21, 27, 28, 35, 36, 37, 42, 44 agus 51 d'fheidhm a bheith acu, *mutatis mutandis*, in 2023 go dtiocfaidh an Rialachán lena socrófar na deiseanna iascaireachta le haghaidh 2023 i bhfeidhm.

*Airteagal 54*
*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2022.

Ón 1 Nollaig 2021, beidh feidhm ag na forálacha a leagtar amach in Airteagail 22, 23 agus 24 agus in Iarscríbhinn VII maidir le deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic áirithe a chuirtear in iúl san Iarscríbhinn sin i Limistéar Choinbhinsiún CCAMLR.

Beidh feidhm ag na forálacha maidir le teorainneacha iarrachta iascaireachta a leagtar amach in Iarscríbhinn II ón 1 Feabhra 2022 go dtí an 31 Eanáir 2023.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*